



An Bhruiséil, 10 Nollaig 2018
(OR. en)

15086/18

CFSP/PESC 1150
COPS 470
CSDP/PSDC 712
COHOM 161
RELEX 1047

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí

Uimh. an doic. roimhe seo:	14943/18
-------------------------------	----------

Ábhar:	Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil - Conclúidí ón gComhairle (10 Nollaig 2018)
--------	--

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Mná, an tSíocháin, an tSlándáil, mar a glacadh iad ag an 3662ú cruinniú de chuid na Comhairle, ar an 10 Nollaig 2018.

CONCLUÍDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MNÁ, AN tSÍOCHÁIN AGUS AN tSLÁNDÁIL

Ghlac AN CHOMHAIRLE na conclúidí seo a leanas:

1. Tá an comhionannas inscne agus cearta an duine i gcroílár luachanna na hEorpa agus is tosaíochtaí iontu féin iad a dhéantar a phríomhshruthú trí bheartais uile an Aontais Eorpaigh. Meabhraítear don Chomhairle na gealltanais a thug an tAontas Eorpach gona Bhallstáit go gcuirfí chun feidhme go hiomlán an clár oibre maidir le Mná, leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil (MSS), arb é atá ann rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus na rúin a lean as, agus go n-áiritheofaí go gcomhtháthófaí go hiomlán é sna hiarrachtaí ar fad a dhéanann an tAontas chun tacú leis an tsíocháin inbhuanaithe, an tslándáil, cearta an duine, an ceartas agus an fhorbairt, i gcomhthéacs chomhar an Aontais le heagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile mar a leagtar amach i Straitéis Dhomhanda an Aontais. Déanfar é seo trí ghnéithe inscne a chomhtháthú i mbeartais uile an Aontais, lena n-áirítear an tslándáil, cosc agus réiteach coinbhleachtaí, mar aon le cothú na síochána fadtéarmaí. I bhfianaise an mhéid sin, tacaíonn an tAontas gona Bhallstáit le cur chun feidhme Chlár MSS sna Náisiún Aontaithe.
2. Is díol sásaimh don Chomhairle Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (an Cur Chuige Straitéiseach MSS). Is é is comharba agus forbairt ar an gCur Chuige Cuimsitheach maidir le cur chun feidhme san Aontas Eorpach Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil, a bunaíodh sa bhliain 2008. Le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS, leagtar béim ar an ngá atá le gealltanais agus gníomhaíochtaí nithiúla agus an gá le ról a thabhairt do mhná agus cailíní, iad a chumhachtú, a chosaint, agus tacú leo chun síocháin agus slándáil inbhuanaithe sheasmhach a bhaint amach. Agus iad sin mar dhlúthchodanna de chearta an duine agus den fhorbairt inbhuanaithe, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe gona Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus i gcomhréir leis an gComhdhearcaidh maidir le Forbairt. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle cur chuige Chlár MSS i dtaca le haghaidh a thabhairt ar fhoréigean gnéasach atá bainteach le coinbhleacht mar chuid de leanúntas de leochaileachtaí agus foréigean inscnebhunaithe atá fite fuaite le neamhionannais fhadhbhunaithe agus ionsaithe níos ginearálta atá á ndéanamh ar an gcomhionannas inscne agus ar chearta na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear foréigean ar líne, foréigean digiteach agus cibearfhoréigean.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtabharfar éifeacht do Chlár MSS i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais agus, mar sin, gur cuid thábhachtach é den Chur Chuige Comhtháite do choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, i bhfianaise na ndúshlán a leagtar amach i Staidéar Domhanda na Náisiún Aontaithe maidir le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Meabhraítear don Chomhairle gealltanais an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit leanúint den anailís inscne a dhéanamh, de shonraí imdhealaithe a bhailiú (lena n-áirítear inscne, aois agus míchumas, ach gan a bheith teoranta dóibh sin) agus de ghnéithe inscne a phríomhshruthú, mar cheann dá bpríomhstraitéisí; é sin mar aon leis an gcothromaíocht inscne agus gníomhaíochtaí sonracha chun an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a bhaint amach sna creata ábhartha beartais uile, lena n-áirítear i réimsí an bheartais eachtraigh agus slándála, na forbartha, na trádála, an airgeadais, na cabhrach daonnúla, na himirce, an cheartais agus an oideachais, chomh maith leis an antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac.
4. Le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS, sainítear gníomhaíochtaí faoi na príomhréimsí: cosc, cosaint, fóirithint agus téarnamh agus faoin dá mhórghné thrasearnálacha: príomhshruthú inscne agus rannpháirtíocht. Tá na gníomhaíochtaí sin fite fuaite ina chéile agus treisíonn siad a chéile. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin go ndéantar éagsúlacht agus eilimintí forluiteacha na bhféiniúlachtaí a aithint i gCur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS, lena n-áirítear an bhéim a leagtar ar a chur chun feidhme agus ar an tairbhe do chách. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go leanfaí de ról a thabhairt d'fhir agus do bhuachaillí agus iad ina ngníomhaithe dearfacha don athrú.
5. Dearbhaíonn an Chomhairle gur cheart Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS a chur chun feidhme trí theagmháil pholaitiúil agus taidhleoireachta le ceannaireacht an Aontais, lena bhféadfadh mná a bheith rannpháirteach ar bhealach cothrom fóinteach i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais, ní hamháin maidir le hábhair a bhaineann le cearta na mban, ach sa ghníomhaíocht ar fad, lena n-áirítear gníomhaíocht ar mhaithe leis an tsíocháin agus an tslándáil.

6. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gurb é atá mar aidhm ag Clár MSS go n-áiritheofaí go ndéanfaí cearta, gníomhaireacht agus cosaint na mban agus na gcailíní a urramú agus a chaomhnú i gcónaí, roimh aon choinbhleacht a tharlóidh, lena linn agus ina diaidh. Dá bhrí sin, tá Clár MSS infheidhme go huilíoch, agus ní mór, dá réir sin, é a chur chun feidhme laistigh den Aontas Eorpach gona Bhallstáit, agus sa ghníomhaíocht sheachtrach, le go mbeidh na gníomhaíochtaí comhleanúnach, inchreidte agus le go mbeidh tionchar acu. Bainfear é seo amach trí ghné inscne agus rannpháirtíocht na mban a chomhtháthú i ngach comhthéacs, ón anailís ar choinbhleachtaí go dtí na gníomhaíochtaí iarchoinbhleachta, lena n-áirítear idirphlé a éascú, idirghabháil, caibidlíocht na síochána agus uirlisí eile chun coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach. Bainfear amach é freisin trí bhearta sonracha a chur chun feidhme, lena n-áirítear oiliúint a chur ar fhórsaí míleata agus póilíneachta, agus í dírithe ar chomhionannas inscne agus ar chumhachtú na mban agus na gcailíní.
7. Meabhraítear don Chomhairle gur ar na Ballstáit agus ar ghníomhaithe uile an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), toscaireachtaí an Aontais, Príomhchomhairleoir SEGS maidir le hInscne agus MSS, seirbhísí an Choimisiúin, Ionadaithe Speisialta an Aontais, agus misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), atá an fhreagracht as Clár MSS a chur chun feidhme, agus go bhfuil ról fíorthábhachtach acu sin ar fad ó thaobh Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS a chur chun cinn agus chun feidhme. Is den tábhacht go mbeadh Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS á chur chun feidhme ag eintitis a bhfuil naisc acu leis an Aontas, ar nós conraitheoirí nó eagraíochtaí arna maoiniú ag an Aontas. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh tionchar Chur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS le feiceáil sna Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a fhorbraíonn na Ballstáit.
8. Is díol sásaimh don Chomhairle an chomhlántacht agus na sineirgí idir Plean Gníomhaíochta Inscne (GAP II) an Aontais agus Cur chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS. Cuireann an Chomhairle i bhfáth gur creataí ábhartha beartais iad Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS agus GAP II araon, ar mhaithe le gach cineál idirdhealaithe agus foréigin a fhulaingíonn mná agus cailíní a dhíothú. Ina theannta sin, misníonn an Chomhairle SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin leanúint de bhealaí simplithe, soláimhsithe don úsáideoir agus éifeachtacha a bhreithniú chun an dul chun cinn a dhéantar sa réimse seo a thomhas, a fhaire, a mheas agus a thuairisciú.

9. Is fada leis an gComhairle freisin go mbunófar Plean Gníomhaíochta a bheidh gonta, sonrach, intomhaiste agus indéanta faoin gcéad ráithe de 2019 chun Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS a chur chun feidhme agus a chur chun cinn ar bhealach éifeachtach. Déanfar an Plean Gníomhaíochta sin a shioncronú le GAP II.
10. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhféadfar comhpháirtíochtaí agus comhaontais a bhunú agus a neartú le heagraíochtaí idirnáisiúnta, iltaobhacha agus réigiúnacha eile, agus go háirithe, an moladh go ndéanfaí ardáin fhoirmiúla a bhunú don chomhar ar gach leibhéal. Ba cheart a áireamh orthu sin fóraim iomchuí a bhunú chun taithí agus dea-chleachtas a mhalartú agus idirghníomhaíocht a chothú i measc cleachtóirí, lena n-áirítear comhairleoirí inscne agus pointí fócasacha MSS, agus chun tacú leis na líonraí atá ann cheana do mhná ar idirghabhálaithe iad ar son Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach inbhuanaithe.
11. Is díol sásaimh don Chomhairle an próiseas cuimsitheach a leanadh chun Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS a ullmhú agus a dhréachtú trí idirphlé le seirbhísí an Choimisiúin, le Ballstáit an Aontais, le comhairleoirí inscne de chuid misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), le comhpháirtithe sa tsochaí shibhialta, le hionadaithe an lucht acadúil agus le comhpháirtithe réigiúnacha agus iltaobhacha eile. Ba cheart go leanfadh an cur chuige cuimsitheach de bheith ina chleachtas caighdeánach oibre le haghaidh próisis dréachtaithe eile amach anseo.
12. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé dlúth-theagmháil agus comhar a dhéanamh le tríú tíortha, le comhpháirtithe agus leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí (ESSanna) áitiúla, réigiúnacha agus idirnáisiúnta de chuid na sochaí shibhialta, gníomhaithe pobail agus eagraíochtaí ar son chearta na mban, ag gach céim de chur chun feidhme Chur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS agus i ngach céim den timthriall beartais, ón gceapadh go dtí an mheastóireacht. Ba cheart an comhar sin a dhéanamh ar bhealach cuimsitheach oibiachtúil.
13. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí filleadh arís chun tuairisc a thabhairt ar ghníomhaíocht agus dul chun cinn Thascfhórsa Neamhfhoirmiúil an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus tuairisciú freisin ar na bealaí is éifeachtaí agus ar chéimeanna nithiúla chun mórchuspóirí an Aontais i réimse an chomhionannais inscne, chumhachtú na mban agus chur chun feidhme iomlán Chlár MSS a bhaint amach.

SEGS, Samhain 2018**Cur chuige Straitéiseach an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin, agus an tSlándáil
2018****Achoimre Feidhmiúcháin**

Ullmhaíodh Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le Mná, an tSíocháin, agus an tSlándáil arna iarraidh sin ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus rinne an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) é a chomhordú i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile ar leibhéal idirinstitiúideach an Aontais. Léiríonn sé tiomantas agus iarrachtaí buana an Aontais maidir le cur chun feidhme éifeachtach Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil (MSS) agus na rúin leantacha uaidh maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban. Áirítear i gCur Chuige Straitéiseach an Aontais saineolas, dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh ón réimse ar fad agus is é is aidhm dó cur le gach céim den iarracht seo chun go mbeidh gníomhaíochtaí níos nithiúla agus níos iomláine ann d'fhonn Clár MSS a neartú agus a chur chun feidhme, go himmheánach agus i gcaidreamh seachtrach uile an Aontais. Léiríonn sé freisin an chaoi a ndéantar MSS a atreisiú le creataí beartais an Aontais maidir le comhionannas inscne.

Is prionsabal tábhachtach é an comhionannas inscne i ngníomhaíochtaí gach aon institiúid de chuid an Aontais ina ngníomhaíochtaí inmheánacha agus seachtracha araon, agus déantar é a phríomhshruthú trí gach céim de bheartais, straitéisí, pleananna gníomhaíochta agus tionscadail an Aontais maidir le forbairt, cabhair dhaonnúil, an t-oideachas, imirce, etc.

Aithnítear i gCur Chuige Straitéiseach an Aontais gur réamhriachtanas iad comhionannas inscne agus cumhachtú na mban chun aghaidh a thabhairt ar thimthriall na coinbhleachta (cosc, bainistiú agus réiteach); cuireann sé samplaí de ghníomhaíochtaí an Aontais ar fáil agus déanann sé anailís orthu agus leagtar amach ann na modhanna is éifeachtaí chun Clár MSS a chur chun feidhme ar an mbealach is éifeachtaí.

Le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais, cuirtear fothú láidir faoin gcomhionannas idir mná agus fir, ar príomhluach de chuid an Aontais é, trí mhná agus cailíní a chumhachtú agus a chosaint, trí thacú leo, agus trí dhul i gcomhar leo chun síocháin agus slándáil a bhaint amach.

Cuireann Cur Chuige Straitéiseach an Aontais béim ar a thábhachtaí atá ceannaireacht agus gníomhaireacht na mban i ngach réimse beartais agus cláraithe a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil. Is é is aidhm dó a áirithiú go mbeidh mná agus cailíní, ó chúlraí éagsúla agus inathraithe, i dteideal páirt shuntasach a ghlacadh go cothrom le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach, agus i bhforéigean a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc, lena n-áirítear gach foirm d'fhoréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe. Ina theannta sin, tugtar ról i gCur Chuige Straitéiseach an Aontais d'fhir agus do bhuachaillí mar ghníomhaithe dearfacha don athrú, lena dtugtar freagairt ar an ngá le haghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne agus sásraí eisiata sóisialta agus iad a athrú.

Sa chéad chuid den doiciméad, leagtar amach bunphrionsabail Chur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le Clár MSS. Leagtar béim ann ar uilíocht Chlár MSS agus ar chineál ceangailteach an chlár, atá le cur chun feidhme ag gníomhaithe agus Ballstáit uile an Aontais, agus ar idirghníomhaíocht le tíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad. Ina theannta sin, bunaítear ann na bun-chomhpháirteanna seo: príomhshruthú inscne, rannpháirtíocht, cosc, cosaint, faoiseamh agus téarnamh. Leagtar béim ar lárnacht na hanailíse inscne agus príomhshruthú na ngnéithe inscne chomh maith le creataí normatacha an Aontais maidir le comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn.

Sa dara cuid, sainaithnítear réimsí sonracha inar gá cur chun feidhme breise Chlár MSS, lena n-áirítear, i measc nithe eile, úinéireachtaí áitiúla, náisiúnta agus réigiúnacha a neartú, fothú acmhainneachta agus oiliúint chomh maith le nósanna imeachta faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe.

Tá na gnéithe seo a leanas de Chur Chuige Straitéiseach an Aontais bunriachtanach:

- Gur ar cheannaireacht, ar chearta agus ar ghníomhaireacht na mban i ngach réimse beartais agus cláraithe a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil a leagfaí an bhéim; aitheantas a thabhairt don ról a bhíonn ag mná, fir, cailíní agus buachaillí, ó chúlraí éagsúla agus inathraithe, i gcur chun cinn na síochána agus an chomhionannais inscne, i gcosc agus i réiteach na coinbhleachta foréigní, agus i gcosc gach cineál foréigin lena n-áirítear foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe. Baineann an méid sin le próisis déanta síochána agus le próisis chinnteoireachta in ionstraimí seachtracha uile an Aontais, lena n-áirítear misin agus oibríochtaí CBSC, i ngach réimse beartais.
- An tiomantas anailís a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na coinbhleachta inscne agus an neamhionannais inscne laistigh agus lasmuigh den Aontas, ag tús phróiseas pleanála ghníomhaíochtaí seachtracha uile an Aontais.
- Ní bheidh aon rath ar an Aontas sa réimse seo in éagmais tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais iomlán d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear grúpaí ban agus gníomhaithe pobail a chuireann leis an tsíocháin, a thugann dúshlán na norm inscne foréigneacha, agus a choisceann an foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe. Áirítear leis sin rannpháirtíocht an Aontais le ESSanna ina mbíonn ról cheannaireachta ag mná, ceapadh straitéise a shainaithint, úinéireacht áitiúil a chur chun cinn agus cur le forbairt na n-acmhainneachtaí náisiúnta.
- An gealltanais gné inscne a chomhtháthú go córasach, bunaithe ar anailís inscne, i réimsí agus gníomhaíochtaí uile na síochána agus na slándála, lena n-áirítear idirphlé polaitiúil agus straitéiseach, idirphlé maidir le cearta an duine, gach próiseas a bhaineann le ceapadh agus déanamh beartais, taighde, anailís agus measúnú, pleanáil agus seoladh, chomh maith leis na próisis faireacháin, mheastóireachta agus tuairiscithe ábhartha.

- An comhionannas inscne mar chuspóir lárnach i ngníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais, lena n-áirítear an fhorbairt, cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh, an fhrithsceimhlitheoireacht, agus an imirce.
- Gné inscne a chomhtháthú go córasach in idirghabhálacha uile an Aontais darb aidhm coinbhleacht a chosc agus síocháin a chothú, agus i gceanglais an Aontais a leagfar ar chomhpháirtithe cur chun feidhme. A áirithiú go gcuirfear san áireamh, le linn thimthriall an tionscadail, go bhféadfadh éagsúlacht a bheith sna cásanna, sna heispéiris agus sna riachtanais a bhíonn ag mná, fir, cailíní agus buachaillí, ar ó chúlraí éagsúla iad.

Ar an gcaoi sin, suíonn Cur Chuige Straitéiseach an Aontais Clár MSS i lár raon iomlán Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, mar uirlis riachtanach chun a áirithiú go ndéantar cearta, gníomhaireacht agus cosaint na mban agus na gcailíní a urramú agus a chaomhnú i gcónaí agus chun a dheimhniú go mbeidh ról fóinteach cothrom sa chinnteoireacht ag mná, gan beann ar aois, le linn gach céim a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc, le déanamh agus cothú na síochána, agus leis an athshlánú iarchoinbhleachta.

Réamhrá

1. Tá an comhionannas idir fir agus mná ar cheann de bhunluachanna an Aontais faoi chonarthaí an Aontais agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh¹, lena gcuirtear toirmeasc sonrach ar an idirdhealú. Luaitear sa Phlean Gníomhaíochta do 2016-2020 (GAP II²) nach mór don Aontas comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn ina ghníomhaíochtaí uile agus a áirithiú go ndéantar an ceanglas sin a chur chun feidhme sna réimsí beartais uile. Luaitear i gclár oibre gníomhaíochta Bhéising (1995³) go bhfuil antábhacht le cothromaíocht inscne agus príomhshruthú na ngnéithe inscne chun comhionannas inscne a bhaint amach. Is é an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú⁴ is bunús do ghnóthú an chomhionannais idir mná agus fir mar go n-áirithítear ann go mbeidh rochtain chomhionann ag mná ar shaol polaitiúil agus poiblí, ar an oideachas, sláinte, agus fostaíocht, agus deiseanna comhionanna acu sna réimsí céanna. Tá comhsheasmhacht iomlán idir beartas an Aontais maidir le cur chun feidhme domhanda, réigiúnach agus náisiúnta an chláir maidir le mná, leis an tsíocháin agus leis an tslándáil (Clár MSS⁵), agus na luachanna agus na hoibleagáidí a leagtar amach sna hionstraimí sin.

¹ An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (2012/C 326/02) (IO C 326, an 26.10.2012).

² Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020 (doiciméad inmheánach oibre (2015) 182 final, 21 Meán Fómhair 2015 (Plean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne 2016-2020' GAP II)) Le GAP II leagtar amach na ceanglais a bhaineann le gealltanais an Aontais maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun feidhme le tíortha comhpháirtíochta agus i gcaidreamh seachtrach uile an Aontais. Cumhdaíonn sé gníomhaíochtaí de chuid an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí lena mbaineann tíortha comhpháirtíochta, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, tíortha an mhéadaithe agus tíortha comharsanachta, chomh maith le gníomhaíocht a dhéanann Ballstáit an Aontais féin.

https://ec.europa.eu/europeaid/sites/devco/files/150921_final_swd_gap.pdf

³ Ceathrú Comhdháil Dhomhanda ar Mhná de chuid na Náisiún Aontaithe: Gníomhaíocht don Comhionannas, don Fhorbairt agus don tsíocháin in 1995. Dearbhú ón gComhdháil: Dearbhú agus Clár Oibre Bhéising don Ghníomhaíocht.

⁴ Rún 34/180 ó na Náisiúin Aontaithe, arna ghlacadh in 1979 ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe.

⁵ De réir an Tascfhórsa neamhfhoirmiúil maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil, déantar na rúin seo a leanas ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a áirithiú agus tagairt á déanamh don obair ar Chlár MSS; Rúin 1325 (2000), 1820 (2009), 1888 (2009), 1889 (2010), 1960 (2011), 2106 (2013), 2122 (2013), 2242 (2015), 2272 (2016) agus 2331 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

2. Athdhearbhaítear sa straitéis dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais (an Straitéis Dhomhanda⁶) go n-aithníonn an tAontas ról na mban in iarrachtaí síochána, lena n-áirítear an gá atá le ceannaireacht na mban, agus go gcuirfidh sé chun cinn an ról sin, idir rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le MSS a chur chun feidhme agus chothromaíocht inmheánach inscne an Aontais a fheabhsú. Tá sé mar aidhm léi freisin rannpháirtíocht na mban a mhéadú i ndáil le ceapadh beartais eachtraigh. Ina theannta sin, d'aontaigh an Chomhairle Eorpach gur cheart leanúint de MSS, agus comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a phríomhshruthú i ngach réimse beartais agus an Straitéis Dhomhanda á cur chun feidhme. Áirítear leis sin réimsí na slándála agus na cosanta, infheistiú a dhéanamh i dteacht aniar na stát agus na sochaithe agus cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le coinbhleachtaí agus le géarchéimeanna⁷.

⁶ Comhairle an Aontais Eorpaigh. Straitéis Dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh (10715/16), 28.6.2016.

⁷ Tugadh isteach an cur chuige comhtháite i Straitéis Dhomhanda an Aontais. SEGS (Meitheamh 2016). Fís chomhroinnte, comhghníomhaíochtaí. Eoraip níos láidre: Straitéis Dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh.

3. Sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt⁸, aithníonn an tAontas agus na Ballstáit mná agus cailíní mar ghníomhairí don fhorbairt agus don athrú, agus aithníonn siad freisin a ról i ndáil leis an tsíocháin a chothú, le coinbhleachtaí a réiteach, agus leis an bhfreagairt dhaonnúil. Ar an gcaoi chéanna, leagtar béim sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil⁹ ar a thábhachtaí atá sé cinntí inscne a chomhtháthú i cabhair dhaonnúil agus aithníonn sé go bhfuil sé riachtanach go mbeadh mná rannpháirteach go gníomhach sa chabhair dhaonnúil, agus go bhfuil an tAontas tiomanta don rannpháirtíocht sin a chur chun cinn. Luaitear freisin sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil nach mór straitéisí cosanta i gcoinne foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe a ionchorprú i ngach gné den chabhair dhaonnúil. Ina theannta sin, leis an gComhdhearcadh maidir le Forbairt¹⁰, cuirtear de cheangal ar an Aontas agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar gach gné a bhaineann le cosc a chur ar fhoréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe san áit a mbíonn nó a raibh coinbhleacht ar siúl, agus le gach gné a bhaineann le freagairt dá leithéid; agus tacú le mná ós ghníomhairí dearfacha iad i dtaca le cosc a chur ar choinbhleachtaí, lena réiteach, faoiseamh, téarnamh agus síocháin inbhuanaithe a bhaint amach. Ar deireadh, luaitear sa Chomhdhearcadh maidir le Forbairt go n-áiritheoidh an tAontas gona Bhallstáit go ndéanfar gné inscne a ionchorprú go córasach i ngach beartas. Beidh sin ina chuidiú chun go mbainfear amach spriocanna Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe¹¹ agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna), lena n-áirítear SDG 5 maidir le comhionannas inscne agus SDG 16 maidir le sochaithe síochánta cuimsitheacha. Bunaithe ar na gealltanais sin uile, cuirfidh an tAontas dlús lena chuid iarrachtaí chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a bhaint amach, mar shampla trí rannpháirtíocht ghníomhach údarásach na mban agus eagraíochtaí na mban sa chinnteoireacht a áirithiú agus a chumasú.

⁸ An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt 'Ár Saol, ár ndínit, ár dtodhchaí'. Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún, IO C 210 an 30.6.2017, lch 1) (an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt). Aithnítear sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt gur saincheist leathan é comhionannas inscne agus cumhachtú na mban ó thaobh comhar forbartha an Aontais de. Le Clár Oibre 2030, cuireadh comhionannas inscne i gcróilár na SDGanna, ní hamháin trí SDG 5 maidir le comhionannas inscne agus SDG 16 maidir le sochaithe síochánta, ar SDGanna neamhspleácha iad, ach mar ghné leathan atá riachtanach chun na 17 SDG a bhaint amach. https://ec.europa.eu/europeaid/sites/devco/files/european-consensus-on-development-final-20170626_en.pdf

⁹ Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gCoimisiún Eorpach: An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Cabhair Dhaonnúil (2008/C 25/01), 30.1.2008.

¹⁰ Féach fonóta 8.

¹¹ Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, I mbun athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe. 21 Deireadh Fómhair 2015, A/RES/70/1.

Clár maidir le Mná, leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil (Clár MSS) a thuiscint

4. Leagtar amach i gCur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS (ar a dtugtar an Cur Chuige Straitéiseach anseo feasta) bunphrionsabail agus tosaíochtaí bheartas an Aontais maidir le MSS, a gcuspoirí foriomlána, a gcomhshainmhínithe agus cur chuige coiteann an Aontais maidir lena chur chun feidhme. Áirithítear leis sin comhchuibheas idir agus laistigh d'ionstraimí gníomhaíochta seachtraí éagsúla an Aontais mar aon le leanúnachas i ngníomhaíocht sheachtrach amhail coinbhleachtaí a chosc, bainistiú géarchéime agus atógáil agus forbairt iarchoinbhleachta. Ina theannta sin, tugann an Cur Chuige Straitéiseach treoir maidir le conas is féidir a áirithiú go n-urramaíonn gníomhaíocht sheachtrach an Aontais creat beartais cuimsitheach an Aontais maidir le comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus MSS. Baineann a chur chun feidhme le gníomhaithe ábhartha uile an Aontais: Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, le cúnamh ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) (lena n-áirítear toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh); seirbhísí ábhartha an Choimisiúin Eorpaigh; misin agus oibríochtaí an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC); agus Ionadaithe Speisialta an Aontais. Ina theannta sin, táthar ag súil go ndéanfaidh na gníomhaithe uile a bhfuil nasc ag an Aontas leo, amhail conraitheoirí, eagraíochtaí arna maoiniú ag an Aontas agus comhpháirtithe cur chun feidhme, an Cur Chuige Straitéiseach a urramú a mhéid is féidir.

5. Cuireann Clár MSS, lena n-áirítear Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus na Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a tháinig ina dhiaidh¹², le raon feidhme na mbeartas slándála traidisiúnta trí bhéim a leagan ar thábhacht na gné inscne sa tsíocháin agus sa tslándáil. Dá bhrí sin, léiríonn sé agus spreagann sé athrú ó bhonn maidir leis an gcaoi ar ceart an tslándáil agus an tsíocháin a bhaint amach agus a choinneáil. Ní hamháin go ndíríonn sé ar mhná agus cailíní a chosaint ó fhoréigean atá bainteach le coinbhleacht, ach díríonn sé freisin ar cheart na mban páirt a ghlacadh i bpróisis chinnteoireachta. Cuireann Clár MSS i dtreis go bhfuil comhionannas inscne fite fuaite i saincheistean síoachána agus slándála, agus gur dlúthchuid den tsíocháin agus den tslándáil gnéithe inscne. Ina theannta sin, luaitear ann go bhfuil sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna inscnebhunaithe foréigin chun coinbhleachtaí a chosc.
6. Féachann Clár MSS le gach gné den nasc idir inscne agus coinbhleacht a chumhdach ach níl a ábharthacht teoranta do chásanna coinbhleachta. Tá sé mar aidhm dó a áirithiú go ndéanfar cearta, gníomhaíocht¹³ agus cosaint na mban agus na gcailíní a urramú agus a chaomhnú roimh aon choinbhleacht a tharlódh, lena linn agus ina diaidh, agus go mbeidh ról fóinteach cothrom sa chinnteoireacht ag mná, gan beann ar aois, le linn gach céim a bhaineann le déanamh agus cothú na síoachána. Dá bhrí sin, tá Clár MSS suite i lár raon iomlán chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais¹⁴.

¹² Cuirtear na Rúin seo a leanas ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe san áireamh agus tagairt á dhéanamh d'obair ar Chlár MSS maidir le cur chun feidhme Chur Chuige Straitéiseach nua an Aontais i leith MSS; Rún 1325 (2000), 1820 (2009), 1888 (2009), 1889 (2010), 1960 (2011), 2106 (2013), 2122 (2013), 2242 (2015), 2272 (2016) agus 2331 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

¹³ Dar leis an mBanc Domhanda, ciallaíonn gníomhaíocht cumas duine (nó grúpa) roghanna éifeachtacha a dhéanamh agus spriocanna na roghanna sin a bhaint amach. Is féidir gníomhaíocht a thuiscint mar phróiseas ina mbaineann mná agus fir leas as a bhfuil acu agus as deiseanna eacnamaíocha chun torthaí inmhianaithe a bhaint amach. Gníomhaíocht na mban a chur chun cinn, <http://siteresources.worldbank.org/INTWDR2012/Resources/7778105-1299699968583/7786210-1315936222006/chapter-4.pdf>

¹⁴ Áirítear leis sin, i measc nithe eile, luathrabhadh, cosc coinbhleachta, idirghabháil, réiteach coinbhleachta, agus athmhuintearas, freagairt do ghéarchéim agus cobhsú, athchóiriú ar thógáil an stáit agus ar earnáil na slándála, dí-armáil, neamhleathadh agus rialú arm, síoachánaíocht, déanamh agus cothú na síoachána, cosc agus comhrac an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta, cúnamh daonnúil agus cúnamh forbartha agus rannpháirtíocht pholaitiúil i ndáil le staideanna coinbhleachta agus leochaileachta.

7. Tá Clár MSS infheidhme go huilíoch agus ní mór, dá réir sin, do ghníomhaithe uile an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit é a chur chun feidhme, agus faoi chuimsiú an chaidrimh le tíortha nach bhfuil san Aontas. Anuas air sin, ní mór an gealltanas sin a urramú agus a shaothrú go comhsheasmhach i gcomhthéacs an chomhair dhéthaobhaigh agus i bhfóiraim idirnáisiúnta. Ní mór gnéithe inmheánacha agus seachtracha Chlár MSS a fhormhuiniú chun go mbeadh beartas inmheánach agus seachtrach an Aontais comhleanúnach, agus go mbeadh gníomhaíocht sheachtrach an Aontais inchreidte agus o mbeadh tionchar aige. Déanfar Clár MSS a bhaint amach trí ghné inscne a chomhtháthú i ngach anailís den tsíocháin agus den tslándáil agus i ngníomhaíochtaí amach anseo agus trí bhearta sonracha a chur chun feidhme lena dtacófar le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní.
8. Iarrtar le Clár MSS go ndéanfaí gnéithe inscne a chomhtháthú go córasach i gcúrsaí síochána agus slándála. Tugtar aghaidh ann ar an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht fhóinteach chothrom na mban i ngach iarracht chun coinbhleachtaí a chosc, agus ní hamháin na hiarrachtaí a bhaineann go díreach le mná nó le cúrsaí inscne. Áirítear leis sin réiteach coinbhleachtaí, idirghabháil, cothú na síochána, an tsíochánaíocht, freagairt dhaonnúil, atógáil iarchoinbhleachta, lena n-áirítear díshlógadh, dí-armáil, ath-imeasctha, agus athchóiriú na hearnála slándála. Leagtar béim freisin le Clár MSS ar an ngá atá le mná agus cailíní a chosaint ó fhoréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe, agus an foréigean sin a chosc. Dar le Clár MSS, is féidir le foréigean gnéasach a bheith ina choir chogaidh, ina choir in aghaidh an chine dhaonna nó ina chinedhióthú (faoi Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta¹⁵). Dá bhrí sin, díríonn Clár MSS ar cheart an íospartaigh chun ceartais agus sásaimh as foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe agus leagann sí béim ar an tábhacht a bhaineann le deireadh a chur le saoirse ó phionós i gcás coireanna den sórt sin. Ina theannta sin, tugann sé ceart do gach duine a d'fhulaing mar gheall ar fhoréigean gnéasach, lena n-áirítear leanaí a rugadh de bharr éignithe, rochtain a fháil ar fhaisnéis chuimsitheach sláinte agus seirbhísí cúraim sláinte. Áirítear leis sin rochtain ar shláinte atáirgthe, ceartas, cúiteamh, an ceart chun sábháilteachta, agus an ceart nach ndéanfaí íospartaigh díobh an athuir, ná iad a dhiúltú nó a dhúdhíúltú.

¹⁵ Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta. Glacadh an Reacht ar an 17 Iúil 1998 ag Comhdháil Taidhleoireachta Lánchumhachtaigh de chuid na Náisiún Aontaithe maidir le Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a bhunú. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2002.

9. Cé gur baineadh go leor rudaí amach le cur chuige cuimsitheach an Aontais maidir le Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe¹⁶ agus gur cuireadh béim níos mó ar chomhionannas inscne sna hiarrachtaí uaidh i ndáil le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach agus bainistiú géarchéime, tá neart le déanamh fós trí: rannpháirtíocht láidir ar leibhéal sinsearach an Aontais, rannpháirtíocht fhóinteach na mban sna próisis sin agus comhtháthú córasach na gné inscne i ngach réimse beartais. Mar shampla, níor baineadh amach go fóill sprioc na mBallstát Plean Gníomhaíochta Náisiúnta a bheith acu lena dtabharfaí aghaidh ar ghnéithe inmheánacha agus seachtracha Chlár MSS, lena ndéanfaí buiséad sonrach a leithroinnt agus lena ndéanfaí foráil do mhaoirseacht pharlaiminteach. Ina theannta sin, is réimsí tosaíochta i gcónaí do ghníomhaíocht fheabhsaithe iad príomhréimsí beartais don ghníomhaíocht sheachtrach *inter alia* an t-antoisceachas foréigineach a chosc agus a chomhrac, an fhrithsceimhlitheoireacht agus ceisteanna ginearálta a bhaineann leis an imirce.
10. Tá srian i gcónaí ar an ról a bhíonn ag go leor ban, go háirithe mná óga, sa tsochaí. Cé gurb iad slándáil agus sábháilteacht na mban is príomhchuspóirí i gcónaí, d'fhéadfadh sé tarlú go dtreiseofaí an íomhá atá ann gur íospartaigh éighníomhacha coinbhleachta iad mná agus cailíní dá leagfaí an iomarca béime ar an gcosaint, agus ní chuirfí bunchúiseanna inscnebhunaithe foréigin san áireamh. Cé go bhfuil sé tábhachtach taithí dhifreáilte coinbhleachta na mban agus na gcailíní, lena n-áirítear foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe, a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu, tá sé ríthábhachtach tacú lena gcuid oibre ar son chothú na síochána agus ról a thabhairt dóibh mar ghníomhaithe agus gníomhairí ar son na síochána. Níor cheart talamh slán a dhéanamh de gur cothaitheoirí síochána iad na mná i gcónaí, mar bíonn ról éagsúla acu sa choibhleacht agus tarlaíonn sé gur trodaithe agus déantóirí foréigin iad freisin. Is gá cur chuige difreáilte maidir le coinbhleacht.

¹⁶ Cur Chuige Cuimsitheach i ndáil le Cur Chun Feidhme an Aontais de Rún 1352 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, leis an tSíocháin agus leis an tSlándáil (15671/1/08 REV 1), 1 Nollaig 2008 (Cur Chuige Cuimsitheach i ndáil le Cur Chun Feidhme an Aontais de Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le MSS).

11. Cé go bhfuil an fhreagracht deiridh maidir le Clár MSS a chur chun feidhme ar Bhallstáit an Aontais, tá ról tábhachtach ag gníomhaithe uile an Aontais, lena n-áirítear toscaireachtaí, i gcomhréir le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS.
12. Bunaítear an doiciméad seo ar cheachtanna a foghlaimíodh agus ar thaithí a fuarthas ó Bhallstáit, comhpháirtithe agus eagraíochtaí sochaí sibhialta an Aontais, agus ón gcur chuige cuimsitheach maidir le Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le MSS a chur chun feidhme san Aontas.
13. Tá an tAontas Eorpach tiomanta do leanúint de bheith ina cheannaire domhanda ó thaobh Clár MSS a chur chun feidhme go hiomlán. Tá sé tiomanta freisin d'anailís a dhéanamh ar na bunchúiseanna coinbhleachta a bhaineann le hinscne agus bunchúiseanna an neamhionannais inscne, agus tacú leis an athrú ar na noirm lena gcothaítear an choinbhleacht agus na neamhionannais inscne agus an t-athrú sin a éascú.

Príomhchuspóirí agus ceanglais

14. Cuireann Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS béim ar a thábhachtaí atá ceannaireacht agus gníomhaireacht na mban i ngach réimse beartais agus cláraithe a bhaineann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil. Áirithítear leis go mbeidh mná agus cailíní ó chúlraí éagsúla i dteideal páirt shuntasach a ghlacadh go cothrom agus go fóinteach le coinbhleacht a chosc agus a réiteach, agus i bhforéigean a bhaineann le coinbhleachtaí a chosc, lena n-áirítear gach foirm d'fhoréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe. Ina theannta sin, tugtar ról i gCur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS d'fhir agus do bhuachaillí mar ghníomhaithe dearfacha don athrú, lena dtugtar freagairt ar an ngá le haghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne agus sásraí eisiata sóisialta agus iad a athrú.
15. Déanfaidh an tAontas tairbhiú iomlán chearta uile an duine ag mná agus cailíní uile a chur chun cinn agus a chosaint agus déanfar mná agus cailíní a chumhachtú i gcomhréir lena luachanna agus lena bprionsabail. Is gné bhunúsach é sin den tsíocháin, den tslándáil, de chearta an duine agus den fhorbairt inbhuanaithe, i bhfianaise Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe ann.

16. Áirítear sa mhéid sin:

- a. Ag cur i bhfios go láidir gur príomhchuspóir de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais iad an comhionannas inscne, cearta an duine agus rannpháirtíocht fhóinteach chothrom na mban. Áirítear leis sin míchothromaíochtaí struchtúracha sa chlársceidealú a thuiscint agus aghaidh a thabhairt orthu agus ról a thabhairt d'fhir agus do bhuachaillí mar aon le mná agus cailíní i ndearadh clár, cinnteoireacht, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht.
- b. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt maidir le forbairt agus cosaint toil agus tiomantas polaitiúil Clár MSS a chur chun feidhme i dtíortha nach baill den Aontas iad ina bhfuil an tAontas gona Bhallstáit rannpháirteach.
- c. Leanúint de na hiarrachtaí tuiscint a fháil ar na cúiseanna a bhaineann le foréigean agus idirdhealú i gcoinne ban agus iarrachtaí gach cineál foréigin agus idirdhealaithe i gcoinne ban agus cailíní laistigh agus lasmuigh den Aontas a laghdú, agus béim á leagan ar ghníomhaíocht na mban seachas mná ina n-íospartaigh mar chéad chéim chun dul i dteagmháil go fóinteach agus go cothrom le mná nuair is leochaileach don chás.
- d. Saothrú chun deireadh a chur le gach cleachtas díobhálach, go háirithe ciorrú ball giniúna ban, atá ina shárú suntasach ar chearta an duine agus ina shárú ar shláine fhisiceach ban, mar aon le pósadh leanaí, luathphósadh agus pósadh éigeantais¹⁷.
- e. Maoiniú leordhóthanach inrochtana a fháil do thionscnaimh chun coinbhleachtaí a chosc agus síocháin a chothú ar fud an domhain, lena n-áirítear le haghaidh cur chuige fadtéarmach i ndáil le claochlú coinbhleachta.

¹⁷ Maidir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe/ SDG 5.3.

- f. Rannpháirtíocht fhóinteach agus chothrom na mban a ráthú i bpróisis síochána agus chinnteoireachta i gcomhthéacs gach aon ionstraim sheachtrach de chuid an Aontais, mar aon le misin agus oibríochtaí Chomhbheartas Slándála agus Cosanta an Aontais, agus ionchais steiréiticipiciúla inscnebhunaithe maidir le róil fhireanna agus bhaineanna.
- g. Comhthuiscint agus comhphlean a bhunú ar leibhéal an Aontais maidir le tosaíochtaí agus réimsí fócais MSS bunaithe ar na príomhdheiseanna agus na príomhdhúshláin maidir le cur chun feidhme, úinéireacht agus ceannaireacht. Féachann an Cur Chuige Straitéiseach le comhleanúnachas, sineirgí agus comhlántacht a bhaint amach ar fud na struchtúr chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear i gcur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne 2016-2020 (GAP II¹⁸).
- h. Tacú le Príomhchomhairleoir SEGS maidir le hInscne agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe cur go héifeachtach le Cur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS a chur chun feidhme agus é sin a chomhordú.
- i. Rannpháirtíocht maidir le fearúlacht dhearfach¹⁹ a chur chun cinn agus tacú le gníomhaíochtaí a cheistíonn steiréitíopaí inscne.
- j. Infheistiú in obair inscne-íogair²⁰ shíothadóireachta leis an óige, idir ógfhir agus ógmhná. Is céim rithábhachtach ionsar shochaithe síochánta cuimsitheacha a chothú í an fhearúlacht dhearfach, neamhfhóiregneach, inscne-chothromasach. Is céim rithábhacht í an óige nuair a dhéantar tuairimí daoine óga maidir leo féin a chothú, agus bíonn tionchar mór ag teaghlaigh, seanóirí, oideachasóirí, ceannairí reiligiúnacha agus comhghleacaithe air sin.

¹⁸ Chomh maith le leanúint le GAP II, tar éis na meastóireachta deiridh ar chur chun feidhme GAP II, mar a iarradh in GAP II é féin, rud a d'fhágfadh go mbeadh an mheastóireacht sin ina bonn le go leanfaí de GAP II.

¹⁹ Ciallaíonn 'fearúlacht dhearfach' saghsanna iompair agus samhlacha lena ndéantar íomhá steiréiticipiciúil na fearúlachta, eadhon crua, fóiregneach nó neamh-mhothúchánach, a leathnú. Cuireann fearúlacht dhearfach le steiréitíopaí inscne a bhriseadh síos agus, ar an gcaoi sin, neamhionannas inscne a bhaint de struchtúir shóisialta.

²⁰ Rún 2250 (2016) agus Rún 2419 (2018) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an óige, an tsíocháin agus an tslándáil.

- k. Tacaíocht pholaitiúil agus airgeadais atá trédhearcach agus cuimsitheach a thabhairt do ESSanna áitiúla, lena n-áirítear grúpaí, gluaiseachtaí agus tionscnaimh bhan áitiúla arb é is aidhm dóibh an tsíocháin a chothú, agus na noirm inscne atá ar son an fhoréigin a cheistiú ar bhealach atá oiriúnaithe do riachtanais na ngníomhaithe sa tsochaí agus na dtairbhíthe lena mbaineann.
- l. Dul i dteagmháil go gníomhach le ESSanna, lena n-áirítear eagraíochtaí um chearta ban agus grúpaí ban áitiúla agus idirnáisiúnta, i ngach céim den timthriall beartais (ón dearadh go dtí an mheastóireacht) seachas 'tic sna boscaí' don chomhairliúchán agus don chur chun feidhme amháin.
- m. Tacaíocht a mhéadú do thiománaithe inscnebhunaithe na leochaileachta agus na coinbhleachta foréigní agus armtha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Go dtí seo, is ar thionchair inscnebhunaithe na coinbhleachta foréigní a dhírigh an taighde maidir le hinscne agus le cothú na síochána, ach is beag aird a tugadh ar thiománaithe agus ar bhunchúiseanna inscnebhunaithe na coinbhleachta foréigní agus armtha. Sampla de sin is ea tuiscint a fháil ar conas a chuireann noirm agus róil inscne le coinbhleacht, agus díriú ar an idirghníomhú idir eilimintí forluiteacha céannachtaí amhail aois, cine, eitneachas, náisiúntacht, aicme shóisialta, claonadh gnéis, cumas, reiligiún nó creideamh, suíomh uirbeach/tuaithe.
- n. Dul i ngleic le dúshláin a bhaineann le cur chuige institiúideach maidir le príomhshruthú inscne, lena n-áirítear frithsheasmhacht, easpa tuisceana agus oiliúna, agus an *status quo* a choinneáil.
- o. Ionstraimiú a sheachaint trí mhná a aithint astu féin, agus trína áirithiú go ndéantar gach clárú a mheas i gcomparáid le comhionannas inscne agus go dtaispeántar rannchuidithe infhíoraithe chuige ann.
- p. A aithint go mbíonn ról tábhachtach ag mná, fir, cailíní, agus buachaillí maidir leis an tsíocháin, an tslándáil agus an comhionannas inscne a bhaint amach.

Prionsabail Chur Chuige Straitéiseach an Aontais maidir le MSS

Beartas inmheánach agus seachtrach a chur le chéile

17. Tá Clár MSS infheidhme go huilíoch agus ní mór, dá réir sin, do ghníomhaithe uile an Aontais Eorpaigh gona Bhallstáit é a chur chun feidhme go córasach ina mbeartais inmheánacha (e.g. beartais intíre, bhreithiúnacha agus acmhainní daonna) agus sheachtracha (e.g. eachtrach agus slándála, trádála agus imirce), ina gcláir, agus ina ngníomhaíochtaí.
18. Meastar gur fearr le roinnt mhaith creat náisiúnta chun Clár MSS a chur chun feidhme san Aontas, amhail pleananna gníomhaíochta náisiúnta mar aon le doiciméid straitéiseacha coibhéiseacha, an cur chun feidhme seachtrach, go háirithe i gcásanna a bhaineann le coinbhleachtaí amhail coinbhleachtaí a chosc, réiteach coinbhleachta agus cothú na síochána. Cibé acu atá nó nach bhfuil an claonadh sin deonach nó neamhdheonach, tagann sé salach ar ghné thábhachtach de MSS, is é sin go bhfuil cur i bhfeidhm intíre díreach ag tromlach mór na saincheisteanna lena mbaineann. Tá neart samplaí praiticiúla a léiríonn ábharthacht inmheánach Chlár MSS, ó thacaíocht a thabhairt d'eagraíochtaí agus gluaiseachtaí intíre na mban, lena n-áirítear cumainn dídeanaithe agus ban-imirceach agus cosantóirí chearta an duine, go dtí an fhéidearthacht a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach le Clár MSS²¹. I measc na samplaí eile, tá gné inscne a chomhtháthú i gcórais agus struchtúir réamhrabhaidh chun an nasc idir Clár MSS agus an fhrithsceimhlitheoireacht agus dul i ngleic le cláir agus comhpháirtíochtaí de chuid an antoisceachais fhoréignigh le gníomhaithe na sochaí sibhialta, an earnáil phríobháideach agus an saol acadúil a neartú. Ina theannta sin, bíonn na pleananna gníomhaíochta náisiúnta ag brath ar ghealltanais inmheánacha na mBallstát comhionannas inscne a chur chun feidhme i gcomhréir le beartais ábhartha an Aontais, mar shampla an comhionannas inscne sna fórsaí slándála náisiúnta (póilíní, airm, etc.).
19. Áiríteoidh an tAontas go gcomhlíonann cosaint dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin, daoine gan stát agus lucht iarrtha tearmainn na riachtanais inscnebhunaithe chosanta éagsúla a bhíonn ag mná, fir, cailíní agus buachaillí.

²¹ Mar shampla, cistiú, comhairliúcháin agus rannpháirtíocht éifeachtach san fhaireacháin a dhéantar ar chur chun feidhme.

Dearcadh iomlánaíoch a chur i bhfeidhm

20. Tá tuiscint chomhchoiteann an Aontais bunaithe ar aitheantas a thabhairt do na ról éagsúla a chomhlíonann mná agus fir i ngnóthaí a bpobail agus i dtimthriall na síochána agus na coinbhleachta.
21. Tá dlúthnasc idir an comhionannas inscne, an tsíocháin, an tslándáil, an fhorbairt agus cearta an duine. Ní mór don Aontas, dá bhrí sin, leanúint de thús áite a thabhairt do chosc coinbhleachtaí ar na bealaí éagsúla eile lena gcoiscfear na hiarmhairtí a éiríonn as coinbhleachtaí agus na hiarmhairtí tubaisteacha a éiríonn as coinbhleachtaí foréigneacha ó thaobh cúrsaí slándála, eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta do mhná, fir, cailíní agus buachaillí. Is aidhm thábhachtach ann féin an foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc – bíodh an foréigean sin de chineál gnéasach, de chineál inscnebhunaithe nó de chineál eile – ach, ina theannta sin, is cuid ríthábhachtach de choinbhleachtaí a chosc an foréigean a chosc, toisc gur le tuiscint ar bhunchúiseanna an fhoréigin sin a chuirtear ar fáil bonn fianaise a chuideoidh le cearta agus cumhachtú na mban agus le cosc coinbhleachta.

22. Ní hamháin gur gá mná a chosaint i gcásanna coinbhleachta agus a rannpháirtíocht a chur chun cinn i ngach gné den tsíocháin agus den tslándáil, lena n-áirítear déanamh na síochána, ach tá gá, freisin, lena áirithiú go dtabharfar tacaíocht do na gníomhaíochtaí sin trí fhorbairt níos leithne a dhéanamh, amhail cearta agus slándáil eacnamaíoch na mban a chur chun cinn, mar aon le rochtain na mban ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear an ceart rochtain a bheith acu ar an tsláinte agus ar an oideachas atáirgthe. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise an tionchair dhiúltaigh fhadtéarmaigh a bhíonn ag coinbhleacht fhoréigneach ar fhorbairt tíre nó réigiúin agus i bhfianaise nach mór pleanáil do shlándáil an duine, ar coinníoll bunúsach é chun an tsíocháin agus an fhorbairt a bhaint amach go fadtéarmach²². Tá creataí beartais uile an Aontais²³ a bhaineann le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban nasctha leis an gclár oibre maidir le mná, leis an tsíocháin agus leis an tslándáil (clár oibre MSS), agus ní mór, dá bhrí sin, don chlár oibre treoir a thabhairt maidir le heagrú agus cur i gcrích na hoibre lena dtabharfar aghaidh ar na saincheistanna sin, agus leis an dóigh a ndéanfar an obair a leanfaidh sin.
23. Is cuspóir lárnach de chuid ghníomhaíocht sheachtrach uile an Aontais an comhionannas inscne, lena n-áirítear san fhorbairt, san antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, sa fhrithsceimhlitheoireacht agus san imirce. Cinntítear leis sin gur féidir le mná agus cailíní, i suíomhanna a ndéanann coinbhleacht difear dóibh agus i suíomhanna leochaileacha, a bheith rannpháirteach go hiomlán i saol polaitiúil, eacnamaíoch, slándála agus sóisialta na sochaí. Ach a ndéanfar sin, is féidir forbairt inbhuanaithe agus síocháin a dhéanamh.
24. Tabharfaidh an tAontas Eorpach ról do mhná agus do chailíní i gcásanna ina bhfuil coinbhleacht, déanfaidh sé iad a chumhachtú agus a chosaint agus tacóidh sé leo, trí bhíthin an chomhair fhadtéarmaigh um fhorbairt, d'fhonn an comhionannas inscne a bhaint amach. Aithníonn sé gur comhpháirt intreach de chuid na síochána, na slándála, de chearta an duine agus den fhorbairt inbhuanaithe an comhionannas inscne, lena n-áirítear i bhfianaise na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Áiríteoidh sé go mbunófar an chéad chéim d'aon ghníomhaíocht ar anailís inscne agus ar rannpháirtíocht luath a chuimsíonn na rannpháirtithe agus na tairbhíthe go léir.

²² Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Fothú acmhainní chun tacú le slándáil agus forbairt — Comhpháirtithe a chumasú chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, (JOIN (2015) 17 final), 28.4.2015.

²³ Iniata: (i) Plean gníomhaíochta an Aontais maidir le comhionannas inscne do 2016-2020 (féach fonóta 1); (ii) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir le rannpháirtíocht straitéiseach don comhionannas inscne do 2016-2019 (SWD (2015) 278 final), 3 Nollaig 2015; (iii) an straitéis dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh (féach fonóta 3); (iv) an comhdhearcadh nua Eorpach maidir leis an bhforbairt (féach fonóta 4); Teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le cearta an duine agus an daonlathas. 'Cearta an duine a choimeád i gcoírlár chlár an Aontais' (JOIN (2015) 16 final), 28 Aibreán 2015.

25. I gcur chuige straitéiseach an Aontais i dtaca le MSS, sainítear gníomhaíochtaí faoi phríomhréimsí amhail cosc, cosaint, fóirithint agus téarnamh, ar príomhréimsí iad a thagann faoi dhá réimse uileghabhálacha: príomhshruthú inscne agus rannpháirtíocht. Tá na gníomhaíochtaí sin fite fuaite le chéile agus treisíonn siad a chéile. Mar shampla, cabhróidh rannpháirtíocht fhóinteach chothrom na mban sa chinnteoireacht le stop a chur le leanúntas an fhoréigin agus an idirdhealaithe i gcoinne ban agus cailíní, ionas gur mar sin a spreagfar an rannpháirtíocht chéanna.
26. Is ar chearta atá cur chuige straitéiseach an Aontais maidir le MSS, agus maidir lena chur chun feidhme, bunaithe. Tá cearta uile an duine faoina chuimsiú agus cur chuige maidir le cabhair dhaonnúil atá bunaithe ar riachtanais á shaothrú aici ag an am céanna, freisin.

Príomhshruthú inscne

27. Mar a comhaontaíodh i gclár oibre gníomhaíochta Bhéising, is príomhstraitéis é gné na hinscne a phríomhshruthú d'fhonn an comhionannas a bhaint amach idir fir agus mná. I gcomhréir le creat cuimsitheach beartais an Aontais agus go príomha le rannpháirtíocht straitéiseach 2016-2019 maidir le comhionannas inscne²⁴ agus an dara plean gníomhaíochta inscne de chuid an Aontais, ba cheart anailís inscne agus gné inscne a chomhtháthú go córasach i ngach gníomhaíocht de chuid an Aontais arb é is aidhm léi coinbhleacht a chosc agus freagairt a dhéanamh, i gcás bagairtí do shibhialtaigh, roimh choinbhleacht, lena linn agus ina diaidh. Is ar dhúshraith na hanailíse inscne a dhéanfar obair éifeachtach i leith cosc coinbhleachta, cobhsaíochta, síochána, atógáil iarchoinbhleachta, rialachais agus fódú institiúide. Ina theannta sin, trí bhíthin tuilleadh dúthrachta a chaitheamh lena chuid gníomhaíochtaí i leith an chomhionannais inscne agus chumhachtú na mban, is féidir leis an Aontas cur lena n-éifeachtacht agus lena n-éifeachtúlacht. Tá an tAontas ar thús cadhnaíochta maidir le comhionannas inscne a thionscnamh agus a chur chun cinn, agus mura ndéanfaí anailís inscne nó mura gcomhtháthófaí gné na hinscne, dhéanfaí dochar don ról sin aige.

²⁴ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: Rannpháirtíocht straitéiseach don chomhionannas inscne do 2016-2019 [SWD (2015) 278 final], 3 Nollaig 2015.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Áiritheoidh sé go mbunófar ar anailís coinbhleachta agus inscne na gníomhaíochtaí uile sin de chuid an Aontais ina mbíonn tíortha nach bhfuil san Aontas páirteach, agus breathnóidh sé ar na caidrimh chumhachta idir codanna éagsúla an phobail, lena n-áirítear mná agus fir, in institiúidí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla sa tsochaí.
- Comhtháthóidh sé gné inscne i ngníomhaíochtaí uile an Aontais, i.e. cuirfear san áireamh riachtanais, taithí agus cearta éagsúla na mban, na bhfear, na gcailíní agus na mbuachaillí, ar de gach aois agus ó chúlraí éagsúla iad. Déanfar é sin chun a áirithiú nach mó an dochar a dhéanfar le gníomhaíocht de chuid an Aontais i gcomhthéacsanna atá leochaileach agus a ndéanann coinbhleacht difear dóibh.
- Déanfaidh sé príomhstraitéis den phríomhshruthú inscne, mar aon le cothromaíocht inscne, gníomhaíochtaí sonracha agus plé, chun comhionannas inscne a bhaint amach. Déanfaidh sé an méid sin trí ghné inscne a chomhtháthú sna creataí beartais uile, lena n-áirítear an comhbheartas eachtrach agus slándála, an fhorbairt, an trádáil, an imirce, an ceartas, an t-oideachas, an t-antaisceachas foréigineach a chosc agus a chomhrac, an fhrithsceimhlitheoireacht, airgeadas agus beartais dhaonnúla.
- Maífidh sé agus molfaidh sé gur freagrachtaí foirmiúla iad, ó thaobh na ceannaireachta agus na bainistíochta de, an príomhshruthú inscne agus cur chun feidhme chlár oibre MSS, freagrachtaí ag a bhfuil línte cuntasachta soiléire.
- Fothóidh sé agus cuirfidh sé chun cinn scileanna agus cumais na mban agus na bhfear, ar scileanna agus cumais iad sin a bhaineann le hanailís inscne a sheoladh agus gné inscne a chomhtháthú i ngach timthriall pleanála, clársceidealaithe agus seolta.
- Comhtháthóidh sé gné inscne go córasach, bunaithe ar anailís inscne, i réimsí agus gníomhaíochtaí uile i bhfearann na síochána agus na slándála, lena n-áirítear idirphlé polaitiúil agus taidhleoireachta, idirphlé maidir le cearta an duine, gach próiseas a bhaineann le ceapadh agus déanamh beartais, taighde, anailís agus measúnú, pleanáil agus seoladh, chomh maith le próisis faireacháin, mheastóireachta agus tuairiscithe.
- Léireoidh sé gnéithe MSS go córasach i ndearadh agus i gcur chun feidhme chur chuige comhtháite an Aontais maidir le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna.

- Comhtháthóidh sé gné inscne go comhsheasmhach i ngach gné de chosc coinbhleachta agus de chothú na síochána chun cuir chuige chomhthéacs-sonracha, chuimsitheacha agus rannpháirteacha maidir leis an méid seo a leanas a neartú: anailís choinbhleachta, luathrabhadh, idirghabháil, taidhleoireacht choisctheach, idirghabhálacha i ndáil le bainistiú géarchéime, cobhsaíocht agus idirghabhálacha daonnúla, síocháin a dhéanamh, síocháin a chothú agus comhar um fhorbairt, cearta daonna a chur chun cinn agus a chosaint agus teacht aniar an phobail, an stáit agus na sochaí a neartú. Ba cheart sin a cheangal freisin ar chomhpháirtithe cur chun feidhme.
- Comhtháthóidh sé gné inscne go córasach i ngníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil sé mar aidhm acu tacú, i dtíortha nach bhfuil san Aontas, le hathchóiriú ar an earnáil cosanta agus slándála, le hathchóiriú ar earnáil an cheartais, le tionscnaimh ceartais idirthréimhsigh, le hathchóiriú ar an rialachas, le díshlógadh agus athimeascadh, leis an gcobhsaíocht, le fothú stáit, le cosaint shibhialta, leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus leis an radacú a chosc as a n-eascraíonn antoisceachas foréigneach agus an sceimhlitheoireacht, leis an dí-armáil, le neamhleathadh agus le rialú arm, le trádáil na n-arm, leis an imirce, le cosaint dídeanaithe, le daoine a easáitíodh ina dtír féin agus iarrthóirí tearmainn, leis an ngáinneáil ar dhaoine (a chosc), agus obair dhaonnúil, lena n-áirítear an tslándáil dhaonna a threisiú.
- Comhtháthóidh sé gné inscne go córasach sa trádáil i gcásanna a ndéanann coinbhleacht difear dóibh agus/nó i suíomhanna ina ndéantar sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Is i ndáil leis an trádáil in acmhainní nádúrtha, go háirithe, is ceart sin a dhéanamh, lena n-áirítear an trádáil i mianraí coinbhleachta.
- Deimhneoidh sé go dtabharfar tosaíocht do chásanna agus tosaíochtaí, acmhainní, riachtanais agus leochaileachtaí na mban agus na gcailíní agus go rachfar i ngleic leo sin nuair a dhéanfar freagairt i gcásanna atá leochaileach agus a ndéanann coinbhleacht difear dóibh agus nuair a chuirfear comhar don fhorbairt agus cabhair dhaonnúil ar fáil. Déanfaidh sé an méid thuas trína áirithiú, mar shampla, go mbeidh rochtain ar sheirbhísí cuimsitheacha sláinte agus faisnéise, lena n-áirítear seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe.

- Comhtháthóidh sé gné inscne go córasach agus go lárnach i bpleanáil agus i seoladh mhisin agus oibríochtaí an chomhbheartais slándála agus cosanta, agus i bhfreagairt dhaonnúil, lena n-áirítear i gcomhordú (daonnúil), idir mhíleata agus sibhialta.
- Áiritheoidh sé go n-áireofar, ar mhisin agus oibríochtaí an comhbheartais slándála agus cosanta a imscarfar i gcásanna atá leochaileach nó a ndéanann coinbhleacht difear dóibh agus i ngéarchéimeanna daonnúla agus idirghabhálacha cosanta sibhialta, acmhainneacht agus acmhainní is leordhóthanach le gné inscne a chomhtháthú, trí phróisis chuntasachta agus trí shaineolas inscne, is é sin comhairleoirí inscne agus pointí teagmhála inscne, a chuimsiú agus a mhaoiniú go leordhóthanach. Ina theannta sin, áiritheoidh sé go n-oilfear go leordhóthanach ón tús, maidir leis an gcomhionannas inscne agus MSS, gach duine de phearsanra míleata agus sibhialtach an Aontais, ar oiliúint shonrach í sin maidir leis an gcaoi chun gné inscne a chomhtháthú ina gcuid freagrachtaí agus cúraimí.
- Cuirfidh sé próiseas um plé idirghníomhach agus foghlaim fhrithpháirteach chun cinn maidir leis an inscne a phríomhshruthú i measc lucht déanta beartais, cleachtóirí, agus scoláirí.
- Comhtháthóidh sé gné inscne go córasach i dtaighde i réimse na síochána agus na slándála. Áirítear leis sin bailiú córasach agus anailís sonraí atá imdhealaithe de réir inscne.
- Comhtháthóidh sé gné inscne go córasach sna hidirghabhálacha uile a mhaoiníonn an tAontas le haghaidh coinbhleacht a chosc agus an tsíocháin a chothú, agus sna ceanglais a bheidh ar chomhpháirtithe cur chun feidhme. Áiritheoidh sé go gcuirfear san áireamh, le linn thimthriall an tionscadail, go bhféadfadh éagsúlacht a bheith sna cásanna, sna heispéiris agus sna riachtanais a bhíonn ag mná, fir, cailíní agus buachaillí, ar ó chúlraí éagsúla iad.

Rannpháirtíocht

28. Is cuspóir ann féin rannpháirtíocht chothrom fhóinteach na mban, na gcailíní, na bhfear agus na mbuachaillí ar ó chúlraí éagsúla iad (e.g. cúlra eacnamaíoch, sóisialta, eitneach, reiligiúnach nó geografach), sa pholaitíocht, sa gheilleagar agus sa tsochaí agus is féidir forbairt inbhuanaithe agus síocháin a dhéanamh ach a mbeidh an rannpháirtíocht sin ann. I ngníomhaíocht an Aontais, ní cuspóir forimeallach ach cuspóir lárnach an comhionannas inscne.
29. Agus aghaidh á tabhairt ar shochaithe, ba cheart a áirithiú, maidir le gníomhaíochtaí de chuid an Aontais, go mbíonn mná ó chúlraí éagsúla páirteach i réimse iomlán na gceisteanna polaitiúla, eacnamaíocha, slándála agus sóisialta. Is minic a bhítear ag súil go labhróidh mná d'aon ghuth amháin, amhail is gur de ghrúpa aonchineálach iad uile, seachas an raon leathan taithí, réimsí saineolais agus tuairimí a chur in iúl a mbeifí ag súil lena chloisteáil ó aon ghrúpa an-éagsúil daoine a mbeadh difear eatarthu ó thaobh suimeanna, mianta, idéalacha, luachanna, dreasachtaí agus riachtanas. Cé go dtarlaíonn sé go nglactar le comhairle ó mhná, nó ó chuid acu, tá barraíocht ban ann nach gceadaítear dóibh a bheith páirteach, ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta, réigiúnach nó idirnáisiúnta i gcúrsaí cinnteoireachta. Sna cásanna neamhchoitianta inar éisteadh leis na mná agus inar glacadh lena dtuairimí, is rómhinic a rinneadh an t-ábhar a theorannú do 'shaincheisteanna na mban', agus nár tugadh aghaidh cuid mhaith den am ach ar iarmhairtí an fhoréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe. Is minic freisin a rinneadh an rannpháirtíocht sin a theorannú do ghrúpaí áirithe den uasbhantracht uirbeach, gan ach líon teoranta daoine faoina n-aighe acu.
30. Is den tosaíocht tacaíocht a thabhairt don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban trí bhíthin rannpháirtíocht na mban a neartú sna struchtúir sin de chuid an Aontais agus ar fud institiúidí an Aontais Eorpaigh a bhaineann le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna a chosc. Ba cheart aghaidh a thabhairt, go comhuaineach, ar chothromaíocht inscne inmheánach an Aontais, ar chur chun feidhme beart sonrach i gcomhair an chomhionannais inscne agus ar chomhtháthú gnéithe inscne, i ngach gníomhaíochtaí a dhéanann an tAontas thar lear agus i ngach rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, go háirithe in áiteanna ina bhfuil coinbhleacht nó géarchéim ar siúl.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Tacóidh sé le ceannaireacht agus rannpháirtíocht na mban i ngach céim de phróisis síochána tríd an taidhleoireacht agus tríd an tacaíocht airgeadais araon. Déanfaidh sé gach iarracht rannpháirtíocht na mban a chuimsiú agus a chumasú, lena n-áirítear laistigh dá struchtúir féin, ionas go ndéanfar idirghabhálaithe, caibidleoirí agus ionadaithe polaitiúla de níos mó acu. Aithníonn sé go bhfuil na hiarrachtaí síochána a dhéanann mná ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta rithabhachtach chun coinbhleachtaí a réiteach, an tsíocháin a chothú agus an atógáil iarchoinbhleachta a éascú agus, dá bhrí sin, tacóidh an tAontas leis na tionscnaimh sin, lena n-áirítear ar leibhéal an phobail.
- Cuirfidh sé an comhionannas inscne agus an éagsúlacht chun cinn trína áirithiú gur mó mná a earcófar, a choinneofar agus a cheapfar ar gach leibhéal, agus trí thacú leis na mná sin agus gairmréim á forbairt acu. Ní mór an chothromaíocht inscne a bheith mar sprioc ag an méid sin, lena n-áirítear ar leibhéal sinsearach na cinnteoireachta in institiúidí náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta a oibríonn i réimse na síochána agus na slándála.
- Cuirfidh sé chun cinn rannpháirtíocht fhóinteach chothrom an bhanphearsanra (míleata/póilíneachta) slándála in oibríochtaí míleata/póilíneachta, lena n-áirítear misin agus oibríochtaí an chomhbheartais slándála agus cosanta, gan cur le steiréitíopaí inscne maidir lena mbítear ag súil leis ó mhná agus ó fhir.
- Sainaitheoidh sé agus bainfidh sé na bacainní roimh rannpháirtíocht chothrom na mban agus na bhfear i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais agus i misin agus oibríochtaí chomhbheartais slándála agus cosanta, mar shampla, i gcás inarb infheidhme, trí ionaid dualgais teaghlaigh agus uaireanta oibre solúbtha a chur chun cinn.
- Cumasóidh agus cuirfidh sé chun cinn rannpháirtíocht fhóinteach chothrom na mban ó chúlraí éagsúla trí shásraí rannpháirtíochta a bhunú ar fud thimthriallacha na dtionscadal agus na gclár. Is leis na sásraí sin a chuirfear eolas ar fáil maidir le dearadh, cur chun feidhme, faireachán agus meastóireacht na mbeartas agus na bhfreagairtí cosanta, chomh maith le hidirghabhálacha comhair um fhorbairt is ábhartha do choinbhleachtaí.

- Cuirfidh sé chun cinn an ceart atá ag mná páirt a ghlacadh i ngnóthaí poiblí agus tacóidh sé leis an gceart sin agus leis an gceart atá acu chun saoirse comhthionóil shíochánta, cainte agus comhlachais.
- Cuirfidh sé chun cinn, trí bhíthin sásraí iomchuí comhairliúcháin, rannpháirtíocht, comhpháirtíochtaí agus líonrú sa tsochaí shibhialta, go háirithe in eagraíochtaí na mban, lena n-áirítear eagraíochtaí agus gluaiseachtaí de chuid an phobail, cosantóirí chearta an duine, gníomhaithe ar son na síochána, pobail dhúchasacha agus gníomhaithe eacnamaíocha. Déanfar sin chun a rannpháirtíocht a áirithiú, agus chun leas a bhaint as an eolas, as an gcumas agus as na buntáistí comparáideacha atá acu.
- Beidh sé san airdeall maidir leis an gclaonadh a bhíonn ann cúngú a dhéanamh ar an bhfairsinge sa tsochaí shibhialta, lena n-áirítear an fhairsinge d'eagraíochtaí ban, do ghníomhaithe agus do chosantóirí chearta an duine²⁵, agus cuirfidh sé i gcoinne an chlaonta sin. Glacfaidh sé bearta sonracha chun na daoine sin a chosaint, agus áiritheoidh sé nach ndéanfar dochar leis na bearta sin; aithneoidh sé go bhféadfadh sé go mbítear á n-imeaglú ar bhealaí inscneshonracha ag gníomhaithe stáit agus sóisialta a bhíonn ag gníomhú go pearsanta nó trí na meáin shóisialta. Cuirfidh sé chun cinn rannpháirtíocht na gceannairí óige, reiligiúnacha, traidisiúnta agus cultúrtha, lena n-áirítear fir agus buachaillí, i ngach gné de chur chun feidhme chur chuige straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le MSS.
- Cuirfidh sé tionscnaimh chun cinn d'fhonn aghaidh a thabhairt ar rannpháirtíocht fhóinteach chothrom na mban i ndáil le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach agus sa saol poiblí in áiteanna ina mbíodh coinbhleacht ar siúl. Leis na tionscnaimh sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na fachtóirí (bagairtí) a eascraíonn as foréigean agus imeaglú, ar shlándáil neamhleor inscnebhunaithe, ar an smacht reachta, ar rochtain ar cheartas agus ar fhachtóirí socheacnamaíocha, lena n-áirítear dáileadh inscnebhunaithe neamhchothrom na ról cúraim agus na bhfreagrachtaí cúraim, agus easpa rochtana ar an oideachas.
- Cuirfidh sé chun cinn ionadaíocht chothrom ar mhná agus ar fhir ó chúlraí éagsúla, lena n-áirítear ar na leibhéil sinsir agus chinnteoireachta, sna seirbhísí taidhleoireachta náisiúnta, i gcomhlachtaí an daonlathais ionadaíoch, sna haireachtaí cosanta, sna fórsaí armtha, sa smacht reachta agus in institiúidí eile de chuid na hearnála slándála, mar aon le hinstitiúidí an Aontais.

²⁵ Cosaint a áirithiú - Treoirlínte de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Cosantóirí ar Chearta an Duine (16332/2/08).

Cosc

31. Más ann d'éagothromaíochtaí agus do chosc ar rochtain ar chumhacht, deiseanna, seirbhísí agus slándáil, cruthaítear na dálaí inar fusa grúpaí ag a mbíonn cúiseanna gearáin a stiúradh i dtreo an fhoréigin, go háirithe in áiteanna ina mbíonn cumas nó dlisteanacht an stáit fann, nó i gcomhthéacs sáruithe ar chearta an duine. Is féidir coinbhleachtaí a chosc go héifeachtach trí anailís coinbhleachta a dhéanamh lena ngabhann freagairt ar chúrsaí inscne agus luathrabhadh inar fearr a thugtar aird ar bhunchúiseanna inscnebhunaithe an fhoréigin. Tá an cuimsiú ríthábhachtach chun cosc a chur ar choinbhleacht in institiúidí agus i bhforbairt beartais, agus chun slándáil an duine agus an ceartas a chur ar fáil. Ba cheart, maidir le gníomhaíochtaí coisctheacha, cuir chuige a ghlacadh atá bunaithe ar chearta (cearta uile an duine san áireamh), cuir chuige atá dírithe ar an duine agus cuir chuige atá dírithe ar an tsochaí ar fad, lena n-áirítear rannpháirtíocht na saoránach.
32. Ós rud é gur mó a d'fhéadfadh mná agus cailíní a bheith thíos leis dá mbeadh spás sibhialta níos cúinge ann, ní mór an cúngú sin a chomhrac chun stop a chur le srianadh chearta na mban.

33. Dá ndéanfaí iarrachtaí idirghabhála nach mbeadh páirteach iontu ach grúpaí armtha agus nach n-urramófaí cearta an duine leo, d'fhéadfadh sé a léiriú go gcúiteofaí an foréigean. Ní hamháin go gcuirfí olc ar an gcuid eile den phobal, ach d'fhéadfadh sé go spreagfaí dream eile le dul i mbun arm d'fhonn suíochán a ghnóthú ag an mbord caibidlíochta. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag gníomhaithe sochaí sibhialta chun cur le dlisteanacht próisis síochána agus d'fhéadfadh sé gur chomhghuaillithe tábhachtacha a bheadh iontu. Is minic a bhíonn rath ar cheannairí mná agus ar ghrúpaí ban i dtaca le síocháin a dhéanamh ar leibhéal an phobail agus is ceart, dá bhrí sin, ceangal láidir a bheith acu le próisis idirghabhála ardleibhéil. Ina theannta sin, d'fhéadfadh sé a bheith deacair a áirithiú go mbeadh deis ag mná tabhairt faoi róil cheannaireachta. Ba cheart don Aontas tacú, ar an ábhar sin, le rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta cuimsithí agus na n-eagraíochtaí ban i bpróisis síochána.
34. Is leis an athrú aeráide, le cailliúint na bithéagsúlachta, le díghrádú talún, le fairsingiú fásaigh agus le triomaigh a spreagtar coinbhleachtaí arb iad na mná is mó a bheidh thíos leo, de dheasca gurb iad is leochailí, le hais aon dream eile, maidir le tionchair an athraithe aeráide. Ós iad na mná, go príomha, a thugann beatha an teaghlaigh i dtír, ós feirmeoirí agus oideachasóirí iad, is féidir leo a nglór a chur ag obair chun dlús a chur le réitigh chlaohlaitheacha le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus dul i gcion ar bheartais chothroma agus ar leithdháileadh acmhainní. Cuirtear le hathléimneacht na sochaí nuair a thugtar de chumhacht do na mná cur leis an bhfás eacnamaíoch.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Cuirfidh sé an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban chun cinn, go córasach agus san fhadtéarma, ag céim na leochaileachta, ag céim na coinbhleachta, ag céim na cabhrach daonnúla agus ag céim an téarnaimh. Ina theannta sin, díreoidh an tAontas de shíor ar bhunchúiseanna inscnebhunaithe na coinbhleachta i rith an ama a mbeidh clár MSS á chur chun feidhme aige agus leanfaidh sé, go comhuaineach, de bheith ag tabhairt aghaidh ar chosc coinbhleachta agus ag freagairt do choinbhleacht.
- Tacóidh sé le hiarrachtaí a dhéantar dul i ngleic le bunchúiseanna an fhoréigin, amhail eisiamh, idirdhealú, éagothromaíochtaí struchtúracha agus foréigean inscnebhunaithe lena n-áirítear foréigean i gcoinne ban agus cailíní.
- Tacóidh sé le tionscnaimh sochaí sibhialta chuimsitheacha sa phobal agus ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda chun síocháin inbhuanaithe a chothú agus éagothromaíochtaí inscnebhunaithe a chlaohlú. Ina theannta sin, tacóidh sé le tionscnaimh darb aidhm cur i gcoinne noirm agus steiréitíopaí sóisialaithe inscne agus athrú a dhéanamh ar na noirm agus ar na steiréitíopaí sin.

- Áiritheoidh sé go gcomhtháthaítear anailís inscne go córasach i gcóras luathrabhaidh an Aontais le haghaidh coinbhleachtaí agus i gcoincheapa eile agus i gcuir chuige eile atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo maidir le luathrabhadh agus anailís coinbhleachta agus le táscairí a bhaineann leo sin.
- Molfaidh sé agus spreagfaidh sé gníomhaíocht lena gcuirtear cosc ar fhoréigean gnéasach, foréigean inscnebhunaithe agus dúshaothrú agus mí-úsáid ghnéasach a d'fhéadfadh tarlú gcomhthéacs géarchéime nó in oibríochtaí slándála, míleata, forbraíochta nó daonnúla, nó a d'fhéadfadh eascairt astu sin. Molfaidh sé agus spreagfaidh sé maolú riosca sa réimse sin.
- Áiritheoidh sé go mbeidh sásraí cuimsitheacha ann lena farr is féidir comhtháthú, éifeachtacht agus sineirge a shaothrú i ndáil leis an méid a leanas: (i) i measc na ngeallsealbhóirí éagsúla, lena n-áirítear stáit, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta; agus (ii) na huirlisí agus sásraí éagsúla a úsáidtear i gcosc coinbhleachta, go háirithe an taidhleoireacht, lena n-áirítear idirghabháil dhéthaobhach agus idirghabháil iltaobhach, an luathrabhadh, cothú na síochána, an atógáil iarchoinbhleachta, an tslándáil agus an fhorbairt.
- Tabharfaidh sé tacaíocht do ghníomhaíochtaí coiscitheacha de chuid an phobail áitiúil a thionscnaíonn gníomhaithe áitiúla nó gníomhaithe náisiúnta. Cuirfidh sé próisis chuimsitheacha thrédhearcacha chun cinn.
- Tabharfaidh sé de chumhacht do phobail áitiúla athléim tar éis coinbhleacht fhoréigneach. Bíonn rannpháirtíocht fhóinteach chothrom na mban ríthábhachtach i dtaca le beartais choiscitheacha éifeachtacha agus cur chun feidhme na mbeartas sin, agus chun síocháin a chothú ar gach leibhéal. Ní mór trédhearcacht agus rochtain ar fhaisnéis a áirithiú a mhéid is féidir.
- Cuirfidh sé chun cinn anailís inscne agus comhtháthú córasach gnéithe inscne i ngach gníomhaíocht idirghabhála agus coiscithe coinbhleachta.

Cosaint

35. Is comhchosúil iad cuid den am agus is neamhchosúil iad cuid eile den am, na heispéiris a bhíonn ag mná, fir, cailíní agus buachaillí ó chúlraí éagsúla, agus tá an scéal céanna ann maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanann siad, i gcomhthéacs coinbhleacht armtha, cosc coinbhleachta, síochánaíochta, cothú síochána agus atógála. Ní mór anailís a dhéanamh ar an méid sin, meastóireacht a dhéanamh air agus aghaidh a thabhairt air, chun a áirithiú go ndéanfaidh gníomhaithe an Aontais freagairt iomlán leordhóthanach ina leith. Bíonn mná, fir, cailíní agus buachaillí araon i mbaol gáinneála. Cé gur mó an baol go mbainfí úsáid as foréigean gnéasach in aghaidh na mban agus na gcailíní, nó go ndéanfaí sclábhaithe tí agus gnéis do chomhraiceoirí díobh nó go gcuirfí orthu comhraiceoirí a phósadh, is féidir go mbainfí úsáid as an gcineál céanna foréigin in aghaidh na bhfear agus na mbuachaillí freisin. Ina theannta sin, is baol breise do na fir agus do na buachaillí an t-earcú éigeantach agus an marú sprioctha.
36. Ní ar na mná amháin a dhéantar íospairt de bharr cogaidh agus foréigin. Is gníomhaithe de chineálacha éagsúla eile iad freisin, amhail comhraiceoirí, déantóirí síochána, polaiteoirí, gníomhaithe eacnamaíocha agus gníomhaithe agóide. Is cuspóir ann féin rannpháirtíocht chothrom fhóinteach na mban agus na bhfear a bheith ann agus is bealach é freisin chun coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach agus chun cultúr na síochána cuimsithí inbhuanaithe a chur chun cinn. Is minic ina n-íospartaigh ag an bhforéigin gnéasach agus inscne-bhunaithe, ar mórscála, mná, fir, cailíní agus buachaillí, agus is minic ina n-acmhainn iad chun críocha polaitiúla, eacnamaíocha, nó míleata. Maidir leis an bhforéigean a dhéantar ar mhná agus ar chailíní tráth coinbhleachta agus ina diaidh, athraíonn sé ar shlí éagsúla agus téann sé in olcas, rud a chuireann le baol an fhoréigin fhisiciúil, shíceolaíoch, ghnéasaigh agus struchtúraigh do mhná agus do chailíní ina dtithe féin agus sa réimse poiblí. Cé go bhfuil toirmisc orthu sa dlí daonnúil idirnáisiúnta, i ndlí chearta an duine agus sa dlí coiriúil, is beag an cosc é sin ar na coireanna gnéasacha agus foréigin inscnebhunaithe a dhéantar i gcomhthéacs coinbhleacht idir stáit agus coinbhleacht laistigh den stát. Is saor ó phionós a dhéantar na coireanna sin, rud nach mór aghaidh a thabhairt air.

37. Cé go dtarlaíonn sé go mbaintear úsáid as foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe in éadan na bhfear agus na mbuachaillí, is measa ar fad an scéal do mhná de gach aois ag gach céim de leanúntas na síochána agus an fhoréigin (cé gur measa fós seal na coinbhleachta foréigní é). Bíonn mná i mbaol foréigin sa saol poiblí agus ina saol príobháideach. I gcás ina ndruidtear spásanna sibhialta agus go háirithe mura dtugtar cead cainte do mhná go ginearálta, nó mura dtugtar cead cainte do na mná sin agus na fir sin nach gcomhlíonann noirm na sochaí, is féidir gur léiriú é sin go bhfuil foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe ann. Feictear an fhuathchaint, bagairtí, feachtais chlúmhille, cos ar bolg agus foréigean i gcoinne cosantóirí chearta an duine, a mbíonn baint acu, ar dhóigheanna éagsúla, le gnéas, féiniúlacht inscne, gnéaschlaonadh, stádas socheacnamaíoch, oideachas, aois, eitneacht, aicme, reiligiún nó creideamh, i measc nithe eile.
38. Le fás raon an idirlín, teicneolaíochtaí cumarsáide agus na meán sóisialta, tá deis nach raibh acu roimhe seo ag mná éisteacht a fháil agus feasacht a mhúscailt maidir le roinnt saincheisteanna. Cé go bhfuil sé ar chumas na teicneolaíochta daoine a nascadh agus a chumhachtú, is fíor freisin, áfach, gur féidir ról inscne agus nósanna cultúrtha a threisiú agus a normalú léi, mar aon le bealaí nua a chruthú chun an foréigean agus an mhí-úsáid a éascú. Ní léiriú cothrom ar an domhan iarbhir a fhaightear sa domhan ar líne, ach sraith léirithe áibhéile, mar a gheofaí i halla scáthán, ar gach rud ann idir mhaith agus olc. I gcás na mban agus na gailíní, is é cultúr an bhanfhuatha, an imeallaithe agus an fhoréigin a bhíonn sa léiriú a fhaightear.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Leanfaidh sé le cur chun cinn lánurraime an dlí idirnáisiúnta is infheidhme maidir le cearta agus cosaint na mban agus na gcailíní nuair a bhíonn coinbhleacht ar siúl, go háirithe nuair is sibhialtaigh na mná agus na cailíní sin.
- Leanfaidh sé le cur i bhfeidhm an mhéid a leanas: (i) 'Treoirlínte an Aontais maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus gach cineál idirdhealaithe ina gcoinne a chomhrac'; (ii) 'Treoirlínte an Aontais maidir le comhlíonadh an dlí daonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn²⁶'; (iii) 'Cosaint a áirithiú - Treoirlínte AE maidir le cosantóirí chearta an duine²⁷'; agus (iv) 'Treoirlíne an Aontais maidir le saoirse tuairimíochta ar líne agus as líne²⁸'.
- Cuirfidh sé cur chuige sistéamach chun cinn maidir le teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach²⁹ mar aon le gnéaschiapadh³⁰ a chosc, a thuairisciú agus a phionósú.
- Cuirfidh sé le cosaint shláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus dhínit na mban, na gcailíní, na mbuachaillí agus na bhfear, go háirithe i gcásanna leochaileacha agus in áiteanna a ndéanann coinbhleacht difear dóibh, i gcásanna éigeandála daonnúla agus i socruithe iarchoinbhleachta, lena n-áirítear trí shásraí a chur i bhfeidhm chun gealltanais chosanta a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu sin.
- Glacfaidh sé, cuirfidh sé chun feidhme agus cuirfidh sé chun cinn beartais neamhfhluaingthe, idir inmheánach agus seachtrach, maidir le hidirdhealú, teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach, gáinneáil ar dhaoine, ionsaí gnéasach agus gnéaschiapadh. Áiritheoidh sé go dtuigtear gur freagracht ceannaireachta fhoirmiúil é beartais ghaolmhara a ghlacadh³¹.

²⁶ Treoirlínte AE maidir le comhlíonadh an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI) a chur chun cinn - Nuashonrú teicniúil (16841/09).

²⁷ Cosaint a áirithiú - Treoirlínte an Aontais maidir le cosantóirí chearta an duine (16332/2/08).

²⁸ Treoirlínte an Aontais maidir le saoirse tuairimíochta ar líne agus as líne (9647/14).

²⁹ I gcomhréir le caighdeán na Náisiún Aontaithe (ST/SGB/2003/13), ciallaíonn teacht i dtír gnéasach mí-úsáid a bhaint, chun críocha gnéasacha, as staid leochaileach, difreálach cumhachta, nó muinín, nó iarracht sin a dhéanamh, lena n-áirítear ach nach dteorannaítear do thairbhe airgeadais, sóisialta nó polaitiúil a bhaint as teacht i dtír gnéasach ar dhuine eile; agus ciallaíonn mí-úsáid ghnéasach ionradh de chineál gnéasach a dhéanamh nó a bhagairt, trí bhíthin na láimhe láidre nó faoi dhálaí míchothroma nó ansmachtacha.

³⁰ Beartais an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cosaint a thabhairt do dhínit an duine agus cosc a chur le ciapadh síceolaíoch agus ciapadh gnéasach C (2006) 1624/3, infheidhme freisin maidir leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS).

³¹ ST 6877 2018 INIT, *Upgraded Generic Standards of Behaviour for CSDP Missions and Operations* [Caighdeán iompair uasghrádaithe chineálacha do mhisin agus oibríochtaí CBSC].

- Tacóidh sé le mná, fir, cailíní agus buachaillí ar marthanóirí foréigin ghnéasaigh agus foréigin inscnebhunaithe iad, agus lena dteaghlaigh, ceartas agus cúiteamh cuí a fháil, lena n-áirítear faisnéis agus seirbhísí cúraim agus tacaíocht shíceasóisialta chun a (n-ath)stiogmatú agus a (n-ath)íospairt a chosc agus chun a sábháilteacht agus a n-ath-lánpháirtiú a éascú.
- Cuirfidh sé chun cinn iarrachtaí darb aidhm deireadh a chur le saoirse ó phionós i leith coireanna foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear coireanna foréigin ghnéasaigh a bhaineann le coinbhleacht. Áirítear leis sin, i measc eile, tacaíocht a thabhairt do phróisis ceartais idirthréimhsigh atá inscne-íogair agus fothú acmhainní d'fhorfheidhmiú an dlí agus do chleachtóirí an chórais ceartais ionas gur féidir leo déileáil le cásanna go hinscne-íogair, mar a leagtar amach i gcreat an Aontais maidir leis an gceartas idirthréimhseach³².
- Cuirfidh sé chun feidhme an *Non Paper on ending sexual violence in conflict — A Guide to practical actions at EU level* [Páipéar leathoifigiúil maidir le deireadh a chur le foréigean gnéasach i gcásanna coinbhleachta – Treoir maidir le gníomhaíochtaí praiticiúla ar leibhéal an Aontais]³³.
- Tabharfaidh sé aird ar leith ar chearta an duine maidir leis na daoine seo a leanas: linbh, daoine óga agus daoine scothaosta, na bochtáin, daoine faoi mhíchumas, idir fheicthe agus dhofheicthe, mionlaigh agus daoine dúchasacha, dídeanaithe, daoine easáitithe ina dtír féin agus iarrthóirí tearmainn i gcásanna/gcomhthéacsanna leochaileacha.

³² An Coimisiún Eorpach. Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: Creat an Aontais maidir leis an gceartas idirthréimhseach (SWD(2015) 158 final), 29.7.2015.

³³ *Non Paper on ending sexual violence in conflict — A Guide to practical actions at EU level* [An páipéar leathoifigiúil maidir le deireadh a chur le foréigean gnéasach i gcásanna coinbhleachta – Treoir maidir le gníomhaíochtaí praiticiúla ar leibhéal an Aontais] (MD 155/14), 25.11.2014.

- Forfheidhmeoidh sé beartas coscbhunaithe neamhfhulaingthe i dtaca le gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a rinne baill foirne de chuid an Aontais nó baill foirne a imscaradh i misin agus oibríochtaí CBSC, lena n-áirítear ceannasaithe/bainisteoirí, conraitheoirí nó comhpháirtithe. I gcás ina n-imscarfaidh an tAontas baill foirne, lena n-áireofar i misin agus oibríochtaí CBSC agus in idirghabhálacha daonnúla, áiritheoidh sé go gcuirfear treoracha soiléire ar fáil chun na críche sin agus go mbeidh na struchtúir iomchuí ann chun an beartas sin a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear trí bhíthin sásra tuairiscithe láidir, sásra um ghearáin le haghaidh íospartaigh agus trí bhíthin cuntasachta agus smachtbhannaí maidir le déantóirí coireanna.
- Áiritheoidh sé go nglacfar leis go mbeidh leanaí a bheirtear mar thoradh ar éigniú incháilithe do shaoránacht agus do thacaíocht. Oibreoidh siad in aghaidh an stiogmataithe a bhaineann leis an gcineál sin foréigin ghnéasaigh a dhéantar ar mhná a éigníodh agus ar leanaí na mban sin, rud a mhaireann tamall fada tar éis na coire. Leanfaidh sé de bheith ag tacú leis na tuismitheoirí a thógann na leanaí sin.
- Cuirfidh sé chun feidhme bearta cosanta do mhná agus cailíní i gcás ina léirítear le hanailís agus le measúnú gur gá sin a dhéanamh, mar shampla nuair is iarrthóirí polaitiúla, cosantóirí chearta an duine nó gníomhaithe in eagraíochtaí sochaí sibhialta iad.

- Rachaidh sé i ngleic le foréigean gnéasach i gcás coinbhleachta, ar chuid de leanúntas an fhoréigin inscnebhunaithe é atá fite fuaite go dlúth le héagothromaíochtaí seasmhacha agus ionsaithe níos ginearálta atá á ndéanamh ar an gcomhionannas inscne agus ar chearta na mban, lena n-áirítear ach nach dteorannaítear don fhoréigean digiteach agus don chibearfhoréigean.
- Cuirfidh sé chun cinn caighdeáin agus treoirlínte daonnúla maidir le foréigean inscne agus inscnebhunaithe, lena n-áirítear treoirlínte an bhuanchoiste idirghníomhaireachta³⁴ agus lámhleabhar inscne an bhuanchoiste idirghníomhaireachta³⁵, mar aon leis an obair a d'eascair as an ngairm chun gníomhaíocht maidir le cosaint ar an bhforéigean inscnebhunaithe i gcásanna éigeandála³⁶.
- Cuirfidh sé chun cinn cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm, agus aird ar leith á tabhairt ar Airteagal 7(4)³⁷ lena gceanglaítear ar na Ballstáit an riosca a chur san áireamh go bhféadfaí úsáid a bhaint as airm nó as ítimí eile chun foréigean inscnebhunaithe tromchúiseach a dhéanamh nó a éascú.

³⁴ An Buanchóiste Idirghníomhaireachta: *Guidelines for integrating gender-based violence interventions in humanitarian action* [Treoirlínte d'idirghabhálacha maidir le foréigean inscnebhunaithe a chomhtháthú i réimse na gníomhaíochta daonnúla]. 2015. (https://gbvguidelines.org/wp/wp-content/uploads/2015/09/2015-IASC-Gender-based-Violence-Guidelines_lo-res.pdf).

³⁵ An Buanchóiste Idirghníomhaireachta: *The Gender Handbook for humanitarian action* [An lámhleabhar inscne um ghníomhaíocht dhaonnúil]. 2017. https://ec.europa.eu/jrc/communities/sites/jrccties/files/2018-iasc_gender_handbook_for_humanitarian_action_eng_0.pdf

³⁶ Is tionscnamh ilgheallsealbhóra an Ghairm chun Gníomhaíochta maidir le cosaint ar an bhforéigean inscnebhunaithe i gcásanna éigeandála (Gairm chun Gníomhaíocht) lena n-athrófar ó bhun an dóigh a dtugtar aghaidh ar an bhforéigean inscnebhunaithe i ngéarchéimeanna daonnúla. Is comhpháirtí gníomhach an tAontas (trí bhíthin DG ECHO, seirbhísí an Choimisiúin in oibríochtaí cosanta sibhialta agus cabhrach daonnúla) sa tionscnamh dar teideal Gairm chun Gníomhaíochta ó bunaíodh é in 2013. Thug an tAontas an fhreagracht air féin freisin a bheith i gceannas, ar bhonn domhanda, ar an tionscnamh sna blianta 2017-2018.

³⁷ ‘Agus an measúnú seo á dhéanamh aige, cuirfidh an Stát is páirtí onnmhairiúcháin an riosca san áireamh go bhféadfaí úsáid a bhaint as gnáth-armán a chlúdaítear faoi Airteagal 2(1) nó as ítimí a chlúdaítear faoi Airteagal 3 nó Airteagal 4 chun foréigean inscnebhunaithe tromchúiseach i gcoinne ban nó leanaí a dhéanamh nó a éascú.’

Fóirithint agus Téarnamh

39. Le colún fóirithinte agus téarnaimh chlár MSS, díritear ar a áirithiú go mbeidh fóirithint, téarnamh agus atógáil cuimsitheach, agus cuirtear san áireamh sa cholún sin riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na grúpaí is leochailí a bhíonn páirteach i bpróisis atá nasctha le cothú síochána, amhail aisdúichiú, athlonnú, athshlánú, ath-lánpháirtiú agus tógáil iarchoinbhleachta. Áirítear ar na grúpa sin mná agus cailíní a easáitíodh, marthanóirí foréigin inscnebhunaithe, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas, mionlaigh agus daoine dúchasacha.
40. Iarrtar freisin sa cholún fóirithinte agus téarnaimh go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun tacú le rannpháirtíocht ghníomhach na mban agus le gníomhaíochtaí fóirithinte agus téarnaimh, lena n-áirítear rochtain chothrom ar dheiseanna slí beatha agus ar cheartas a chur ar fáil do mhná. Is minic gur mná agus eagraíochtaí ban, a thugann cabhair dhaonnúil, na chéad fhreagróirí i ngéarchéimeanna. Is minic, áfach, agus cinnteoireacht, clársceidealú, pleanáil agus buiséid á ndéanamh i dtaca le cabhair dhaonnúil agus forbairt, a eisiatar ceannaireacht na mban agus tosaíochtaí na mban.
41. D'fhéadfadh sé gur deis uathúil a bheadh ann agus fóirithint, téarnamh agus atógáil ag dul ar aghaidh, na struchtúir idirdhealaitheacha shóisialta a athrú ó bhonn agus cearta, rannpháirtíocht agus feidhmíocht fhóinteach na mban a chur chun cinn.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Cuirfidh sé chun cinn, i spásanna cinnteoireachta agus socraithe tosaíochtaí, idir fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil, rannpháirtíocht agus ceannaireacht na mban i gcláir dhaonnúla um ghníomhaíocht agus forbraíocht.
- Cuirfidh sé chun cinn tionscnaimh lena neartaítear na naisc i réimse uile MSS, fóirithint, athshlánú, athlonnú, atógáil agus beartais forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear tacaíocht do phríomhshruthú inscne sa chabhair dhaonnúil forbraíochta. San áireamh leis sin, tá rochtain chothrom shábháilte na mban agus na gcailíní ar chabhair forbraíochta, ar fhaisnéis chuimsitheach maidir le sláinte gnéis agus atáirgthe agus ar sheirbhísí cúraim sláinte.

- Áiritheoidh sé go mbeidh rochtain agus ceart ag gach duine a d'fhulaing foréigean gnéasach nó inscnebhunaithe ar fhaisnéis agus seirbhísí sláinte chuimsitheach, agus ar cheartas agus cúiteamh. Áiritheoidh sé nach ndéanfar íospartaigh de dhaoine an athuair, nach ndíúltófar dóibh agus nach ndíbreofar iad.
- Áiritheoidh siad go gcomhlíonfaidh gach eagraíocht a fhaigheann maoiniú agus tacaíocht ón Aontas beartais comhionannais inscne an Aontais lena n-áirítear cur chuige cearta-bhunaithe agus íoschaighdeáin agus treoirlínte maidir leis an bhforéigean inscnebhunaithe.
- Tacóidh sé le tionscnaimh shíceasóisialta a chuirtear ar fáil do mharthanóirí coinbhleachta foréigní uile, beag beann ar a ról: mná, cailíní, fir, buachaillí agus daoine scothaosta.
- Tacóidh sé le fóirithint, téarnamh agus athshlánú na mban agus na gcailíní a ndéanann coinbhleacht difear dóibh, lasmuigh den Aontas agus laistigh de freisin. Áirítear leis sin a áirithiú go n-urramaítear, le dlí tearmainn, beartais agus nósanna imeachta, cearta agus caighdeáin chothroma do mhná agus do chailíní ar marthanóirí foréigin inscnebhunaithe iad, agus go ráthaítear go mbainfidh siad tairbhe as na cearta agus as na caighdeáin sin le linn imeachtaí.
- Leanfaidh siad de bheith ag cur córais cheartais chun cinn i dtíortha nach baill iad den Aontas ach ina dtacaíonn an tAontas le gníomhaíocht, i gcomhréir le dea-chaighdeáin. Déanfar sin chun neart a chur le dlínsí náisiúnta coiriúla i gcomhréir le prionsabal na comhlántachta leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, mar shampla sásraí agus próisis ceartais idirthréimhsigh atá íogair ó thaobh inscne.
- Áiritheoidh sé, trí bhíthin acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil, go mbeidh na mná ag croílár na freagartha daonnúla, na hoibre fóirithinte agus téarnaimh, agus na cabhrach agus an clársceidealaithe forbraíochta. Ní mór iad a áireamh i ndearadh, pleanáil agus cur chun feidhme gníomhaíochtaí fóirithinte, téarnaimh agus atógála, agus dul i gcomhairle leo maidir le riachtanais ag tús gach éigeandála.

- Áiritheoidh siad gur ar bhonn na taithí atá ag an bpobal ar mhórathruithe a éascú agus ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na céime fóirithinte agus téarnaimh a dhéanfar beartas a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Áiritheoidh siad rannpháirtíocht fhóinteach chothrom na sochaí sibhialta agus na n-eagraíochtaí ban i ngach céim den timthriall, lena n-áirítear i gcomhdhálacha deontóirí³⁸, ar féidir comhpháirtíochtaí a dhéanamh lena linn.
- Áiritheoidh siad gur ar bhonn cur chuige inscne-chuimsitheach rannpháirtíochta, lena dtugtar aird chuí ar an measúnú ar thionchar na rioscaí inscne (Innéacs Riosca Inscne³⁹), a dhéanfar pleanáil agus gníomhaíocht maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus maidir le téarnamh iarthubaiste agus iarchoinbhleachta, lena n-áirítear oiliúint a chur ar na hoifigigh rialtais agus eagraíochtaí sochaí sibhialta.

Creat normatach maidir le comhionannas idir mná agus fir

42. Is ceart bunúsach de chuid an duine go mbeadh comhionannas ann idir mná agus fir. Is comhluach de chuid an Aontais é, a chumhdaítear i gcreataí beartais an Aontais agus tá sé riachtanach ionas gur féidir na cuspóirí a bhaint amach a bhaineann le deireadh a chur leis an mbochtaineacht, fás, fostaíocht agus comhtháthú sóisialta a mhéadú, agus an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn. Áirítear é freisin in oibleagáidí agus gealltanais idirnáisiúnta, amhail an Coinbhinsiún maidir le deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban, clár oibre gníomhaíochta Bhéising, Clár Oibre 2030 don fhorbairt inbhuanaithe agus an Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt. Is cuid de chuspóirí bheartas eachtrach agus slándála an Aontais na prionsabail lena dtreoraítear an obair sa réimse sin.

³⁸ Ag céim na hatógála, bíonn deis ann tuilleadh comhionannais inscne a éascú trí bhíthin cur chuige cearta-bhunaithe, mar shampla i ndáil le forbairt eacnamaíoch agus rochtain ar thalamh agus ar acmhainní nádúrtha.

³⁹ Seirbhís d'Ionstraimí Beartais Eachtraigh - an ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin. Lámhleabhar táscairí don ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin. https://ec.europa.eu/fpi/key-documents_en

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Leanfaidh sé d'fhaireachán a dhéanamh ar obair leantach chlár oibre gníomhaíochta Bhéising agus go háirithe ar an réimse rithábhachtach maidir le mná agus coinbhleacht armtha.
- Leanfaidh sé de dhaingniú agus cur chun feidhme príomhionstraimí de chuid na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus a bprótacail roghnacha a spreagadh, go háirithe an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW) agus a phrótacal roghnach, agus leanfaidh sé den nasc a neartú idir an Coinbhinsiún maidir le gach cineál Idirhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus an clár maidir le mná, maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil trí Mholadh Ginearálta (GR) 30 agus Moladh Ginearálta (GR) 35.
- Leanfaidh sé de bheith ag tacú go láidir leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC), go háirithe i réimse an fhoréigin ghnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe a bhaineann le coinbhleachtaí, d'fhonn cuntasacht a chothú agus saoirse ó phionós a chomhrac. Is é ICC an chéad agus an t-aon chúirt bhuan choiriúil idirnáisiúnta ar domhan chun an choireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh.
- Leanfaidh sé de bheith ag tacú leis an obair a dhéanann an Sásra Iarmharach Idirnáisiúnta le haghaidh Binsí Coiriúla agus binsí idirnáisiúnta eile.
- Leanfaidh sé dá bheartas, a leagtar amach i 'Treoirlínte an Aontais maidir le comhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta a chur chun cinn', a chur chun feidhme agus aird ar leith á tabhairt ar an toirmeasc ar éigniú, agus ar chineálacha eile foréigin ghnéasaigh a urramú.
- Leanfaidh sé den chlár oibre don 'óige, don tsíocháin agus don tslándáil' a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in UNSCR 2250 agus in UNSCR 2419. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar na neamhionannais (leanúnacha) lena mbíonn mná agus fir óga go háirithe i mbaol, agus aird ar leith á tabhairt ar ionadaíocht chuimsitheach na mban óg a mhéadú i ndáil le coinbhleachtaí a chosc agus a réiteach.

Úinéireacht áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach a neartú

43. Le próiseas cuimsitheach síochána, is dóchúla go sainaithneofaí agus go dtabharfaí aghaidh ar bhunchúiseanna na coinbhleachta agus go n-áiritheofaí go dtabharfaí aghaidh ar riachtanais earnálacha an phobail atá buailte. Dá bhrí sin, is den rithábacht é úinéireacht áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach a neartú agus comhairliúchán agus comhar le geallsealbhóirí áitiúla a áirithiú ag an am céanna, lena n-áirítear an tsochaí sibhialta. Cuireann cuimsitheacht freisin le dlisteanacht agus úinéireacht náisiúnta comhaontaithe síochána agus lena chur chun feidhme. Ina theannta sin, laghdaíonn sí an dóchúlacht go ndéanfaidh gníomhaithe eisiata beag is fiú den phróiseas. Ní thugtar le tuiscint le próiseas cuimsitheach go mbíonn na geallsealbhóirí uile rannpháirteach go díreach sa chaibidlíocht fhoirmiúil, ach is féidir leo an idirghníomhaíocht idir na páirtithe sa choinbhleacht agus geallsealbhóirí eile a éascú agus sásraí a cheapadh ina n-áirítear gach peirspictíocht sa phróiseas. Tharlódh go mbeadh gá le sásraí sonracha lena áirithiú go n-áireofar bansíothadóirí agus eagraíochtaí na mban sa phróiseas.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Tacóidh sé le fothú acmhainneachta do pháirtithe agus tíortha nach bhfuil san Aontas agus le comhroinnt faisnéise eatarthu, lena n-áirítear sásraí agus institiúidí inscne náisiúnta.
- Rachaidh sé i gcomhairle le heagraíochtaí na mban, bansíothadóirí, le cosantóirí chearta an duine, agus tacóidh sé lena rannpháirtíocht i gceannaireacht, agus – i gcás inarb ábhartha – ceannaireacht ar phróisis síochána fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla.
- A áirithiú go n-oibreoidh an tAontas go fóinteach cothrom le heagraíochtaí uileghabhálacha na sochaí sibhialta, is iad sin, eagraíochtaí na sochaí sibhialta ina bhfuil ról cheannaireachta ag mná, ina rannchuidíonn siad le straitéisí, agus ina gcluintear agus ina ndéantar ionadaíocht do ghlórtha ban éagsúil i ndáil leis an réimse saincheisteanna atá os comhair na sochaí.
- tacaíocht a áirithiú d'eagraíochtaí neamhrialtais, idir idirnáisiúnta agus réigiúnacha, a chuireann úinéireacht áitiúil agus cuimsiú chun cinn agus a rannchuidíonn le hacmhainneacht náisiúnta a fhothú.

Comhar agus idirphlé leis na gníomhaithe eile a neartú

44. Tá comhar le gníomhairí idirnáisiúnta ríthábhachtach chun clár oibre MSS a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun dúbláil iarrachtaí agus iomaíochas i dtaca le hacmhainní a sheachaint. Tá gá le comhar freisin chun anailís, ceachtanna foghlamtha agus acmhainní a chomhroinnt, chomh maith le comhleanúnachas idir aschur na gclár agus ceapadh beartas ar leibhéal dhomhanda, réigiúnacha agus náisiúnta. Tá sé tábhachtach plé idir gníomhairí éagsúla a dhéanamh ar gach leibhéal (áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta), agus eatarthu, agus an tsochaí sibhialta a áireamh leis. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach nach rachaidh eagraíochtaí idirnáisiúnta in iomaíocht le heagraíochtaí áitiúla na sochaí sibhialta nuair is féidir leis na heagraíochtaí sin de chuid na sochaí sibhialta ionchur comhchosúil a sholáthar i mbeartais nó i gcláir (staidéir a chur ar fáil, mar shampla).

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Spreagfaidh sé comhpháirtíochtaí uileghabhálacha agus comhroinnt fheabhsaithe ar thaithí, ceachtanna foghlamtha agus na cleachtais is fearr i measc geallsealbhóirí maidir le gach gné de chlár MSS a chur chun feidhme. Áirítear leis sin comhleasanna a shainaithe, agus aird faoi leith á tabhairt ar na dúshlán agus na deiseanna a thagann chun cinn.
- Leanfaidh sé de bheith ag obair i gcomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha, go háirithe na Náisiúin Aontaithe ach le heagraíochtaí eile freisin, mar atá: Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), an Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip (ESCE), Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN), Eagraíocht na Stát Meiriceánach (OAS), Grúpa an Fhichead, an Grúpa Seacht, an tAontas Afracach (AA), Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge agus an tAontas don Réigiún Meánmhuirí (UFM). Thairis sin, leanfaidh sé de bheith ag obair i gcomhar le heagraíochtaí réigiúnacha eile atá sásta oibriú ionsar chomhionannas inscne, síocháin agus slándáil agus, ag an am céanna, cuirfidh sé leis na tionscnaimh agus an taithí atá ann cheana d'fhonn sineirgí a chruthú i gcásanna ina bhfuil ról shuntasacha ag an Aontas agus ag na Náisiúin Aontaithe nó ag eagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

- Cuirfidh sé chun cinn agus tacóidh sé le tionscnamh lárionaid náisiúnta MSS, a fheidhmíonn mar fhóram trasréigiúnach agus a sholáthraíonn spás le taithí agus dea-chleachtais a mhalartú chun cur chun feidhme rúin na Comhairle Slándála i dtaca le MSS a bhogadh chun cinn agus comhordú na gclár cistiúcháin agus cúnaimh a fheabhsú.
- Cuirfidh sé chun cinn agus tacóidh sé leis an tionscnamh maidir le dul chun cinn réigiúnach a dhéanamh i dtaca le Rún 1325 (RAR1325) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, atá dírithe go príomha ar mhalartuithe ar an leibhéal teicniúil i measc comhairleoirí inscne agus cleachtóirí eile in eagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha. Tá sé mar aidhm aige fóram a chruthú lena bhfeabhsófar cur chun feidhme chlár oibre MSS agus sineirgí a chur chun cinn idir rannpháirtithe ón Aontas, ó na Náisiúin Aontaithe, ó ECAT, ón Aontas Afracach agus ó ESCE.
- Cuirfidh sé chun cinn agus spreagfaidh sé cleachtais uileghabhálacha a mbeidh sé mar aidhm acu comhleanúnachas, comhordú agus éifeachtúlacht a fheabhsú.
- Cuirfidh sé chun cinn plé, a chomhordóidh SEGS, idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus an tAontas, agus an plé a chomhordóidh toscaireachtaí de chuid an Aontais i dtíortha nach baill den Aontas iad.

Bearta tacaíochta

Tacaíocht pholaitiúil do chur chun feidhme éifeachtach chlár oibre MSS

45. Is trí chur chuige iomlánaíoch a chuirfear clár oibre MSS chun feidhme ar bhealach éifeachtach. Tá sé thar a bheith tábhachtach cuir chuige eisiatacha agus iad sin atá bunaithe ar shadhlanna a chlaohlú ina mbealaí uileghabhálacha cuimsitheacha le caidreamh agus obair a dhéanamh. Tá easpa tuisceana fós ina thaobh seo agus in amanna easpa glactha leis. Mar sin de, ní mór tacaíocht na ceannaireachta polaitiúla agus an ghealltanais pholaitiúil is láidre is féidir, a bheith ag cur chun feidhme chlár oibre MSS.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Cuirfidh sé cur chun feidhme chlár oibre MSS chun cinn i ngach comhthéacs, lena n-áirítear fóraim iltaobhacha agus obair dhéthaobhach, trí idirphlé polaitiúil agus idirphlé um chearta an duine, comhpháirtíochtaí, dearbhuithe, malartuithe iltaobhacha, cumarsáid agus ráitis chomhpháirteacha le tíortha comhpháirtíochta.
- Áiritheoidh sé go leanfar de chun feidhme éifeachtach chlár oibre MSS laistigh den Aontas trí chur chuige straitéiseach an Aontais i leith MSS, tríd an rannpháirtíocht straitéiseach maidir le comhionannas inscne agus trí Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu.
- Cuirfidh sé cur chun feidhme chlár oibre MSS chun cinn agus tacóidh sé leis trí shainordú Phríomhchomhairleoir SEGS maidir le hInscne agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
- Ionchorpróidh sé cur chuige comhleanúnach i leith inscne agus MSS i gcomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, agus cuirfidh sé chun cinn é.
- Spreagfaidh sé tuiscint agus smaointeoireacht chruthaitheach ar chlár oibre MSS, lena n-áirítear sa réimse poiblí níos leithne.
- Áiritheoidh sé go mbeidh clár oibre MSS ina théama lárnach de chuid na rannpháirtíochta polaitiúla agus taidhleoireachta i dtaca le dúshlán a thagann chun cinn agus cásanna géarchéime, leochaileachta, coinbhleachta agus iarchoinbhleachta, agus aird á tabhairt ar thosaíocht na taidhleoireachta coiscthe i ndáil leis na cásanna sin go léir.
- Spreagfaidh sé comhar uileghabhálach feabhsaithe maidir le cur chun feidhme MSS leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear rialtais náisiúnta, comhlachtaí reachtacha, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais inscne, údaráis áitiúla, gníomhaithe sochaí shibhialta, gníomhaithe nach gníomhaithe Stáit iad, an earnáil phríobháideach, gníomhaithe forbartha, gníomhaithe daonnúla, agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha.

- Cuirfidh sé chun cinn cur chun feidhme na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le tacaíocht eadrána insnefhreagrúil. Leanfaidh sé de phróisis síochána a mheas mar dheiseanna le cumasú na mban, comhionannas inscne, príomhshruthú inscne, rannpháirtíocht shuntasach chothrom na mban agus urraim do chearta na mban i gcaibidlíocht agus na comhaontuithe síochána a eascraíonn aisti a chur chun cinn.
- Áiritheoidh sé go dtabharfaidh gach páirtí a bheidh rannpháirteach in idirghabháil de chuid an Aontais aghaidh ar na saincheistean sin le linn na reamhchaibidlíochta agus na caibidlíochta síochána féin, agus go bhféachfaidh siad lena áirithiú go gcomhtháthófar iad, agus go dtabharfaidh siad tús áite dóibh, le linn chéim chothaithe na síochána agus na hatógála iarchoinbhleachta ina dhiaidh sin, lena n-áirítear trí bhíthin ionaid inscne-shaineolais leoracmhainnithe i ngach idirghabháil eadrána de chuid an Aontais.
- A áirithiú go n-áireofar acmhainneacht leordhóthanach chun clár oibre MSS a chur chun feidhme ar gach imscaradh de chuid an Aontais in áiteanna atá leochaileach nó ina bhfuil coinbhleacht ar siúl agus i ngéarchéimeanna daonnúla, lena n-áirítear trí rannpháirtíocht saineolaithe inscne agus comhairleoirí a bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu i misin agus oibríochtaí comhchoiteanna slándála agus cosanta uile, i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais agus in Ionadaithe Speisialta an Aontais. Áiritheoidh sé go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar gach duine de phearsanra míleata agus sibhialtach an Aontais, lena n-áirítear baill den phearsanra a bhfuil poist arda acu, maidir le comhionannas inscne agus MSS agus, go háirithe, maidir leis an gcaoi chun gné inscne a chomhtháthú ina gcuid freagrachtaí agus cúraimí.

Maoiniú agus acmhainní a chur ar fáil

46. Tá gá le cistiú ionas go bhféadfar príomhshruthú inscne, cothromaíocht inscne agus gníomhaíochtaí sonracha eile chun comhionannas inscne a bhaint amach a bheith ann. Ós amhlaidh atá, agus bunaithe ar mheastóireachtaí agus tuairiscí iomadúla⁴⁰, is constaic mhór go fóill í an easpa dhomhanda agus/nó an méid teoranta de chistiú roimh chur chun feidhme éifeachtach chlár oibre MSS. San Aontas agus ar bhonn domhanda araon, tá gá le cistiú i gcomhair tionscadal/clár arb é comhionannas inscne agus MSS a bpríomhchuspóir, agus d'fhonn gnéithe agus peirspictíochtaí inscne a phríomhshruthú i dtionscadail/cláir eile. Is dúshlán mór go fóill í an easpa acmhainní, lena n-áirítear fothú acmhainneachta, le haghaidh obair ar chomhionannas inscne agus clár oibre MSS a chur chun feidhme agus, dá bhrí sin, ní mór aghaidh a thabhairt air sin. Ina theannta sin, tá gá le timpeallacht mhaicreacnamaíoch chumasúcháin chun dul i ngleic le bunchúiseanna an neamh-chomhionannais inscne.

⁴⁰ Goldberg, D. B. (2015). Suirbhé Eagraíocht na Sochaí Sibhialta (ESS) don staidéar domhanda maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil: Peirspictíochtaí ESS i dtaca le cur chun feidhme UNSCR 1325 15 bliana tar éis a ghlactha. Lónra Domhanda Lucht Déanta na mBansíothadóirí.
<http://peacewomen.org/sites/default/files/CSO%20Survey%20Report%20FINAL.pdf>
Coomaraswamy, R., & UN Women. (2015). *Preventing conflict, transforming justice, securing the peace: a global study on the implementation of United Nations Security Council resolution 1325*. (<http://reliefweb.int/sites/reliefweb.int/files/resources/UNW-GLOBAL-STUDY-1325-2015.pdf>)
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe. (n.d.). Bileog eolais an Chiste Iontaobhais — Ionstraim an Ghéaraithe Dhomhanda. (http://mptf.undp.org/bileog_eolais/ciste/GAI00).

47. Le dul chun cinn suntasach inbhuanaithe a dhéanamh, tá gá le cur chuige cearta-bhunaithe lena áirithiú, ní hamháin go mbeidh na scileanna agus na buanna ag mná, ach gurb iadsan a roghnóidh agus a rialóidh deiseanna agus acmhainní, agus go bhféadfaidh siad an chinnteoireacht eacnamaíoch a mhúnlú ar gach leibhéal. Tabharfar aird ar leith ar ról agus seasaimh na mban laistigh de na geilleagair fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Tá an obair ar chlár oibre MSS a chur chun feidhme gann ar acmhainní le fada an lá. Is féidir le cistiú díreach, iontaofa, intuatha a chuirtear ar fáil trí dheontais sholúbtha nó trí mhaoiniú fadtéarmach difríocht a dhéanamh maidir leis na coinníollacha a leagan síos do ghluaiseachtaí de chuid an phobail agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun clár oibre MSS a chur chun feidhme.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Oibreoidh sé chun comhionannas inscne agus clár oibre MSS a áireamh in ionstraimí an Aontais um maoiniú gníomhaíochta seachtraí.
- Déanfaidh sé ceanglas de buiséad do shaineolas inscne agus/nó do chomhairleoirí a áireamh in oibríochtaí agus misin CBSC, agus i dtoscaireachtaí de chuid an Aontais.
- Áiritheoidh sé cistiú leordhóthanach leanúnach intuatha trí chlársceidealú agus príomhshruthú i ngníomhaíochtaí neamh-chlársceidealaithe chun clár oibre MSS a chur chun feidhme.
- Agus aitheantas á thabhairt aige don chur chuige riachtanasbhunaithe arna bhunú sna Ballstáit agus in ionstraimí an Aontais um maoiniú gníomhaíochta seachtraí, tabharfaidh sé tús áite nuair is féidir do dheontais le haghaidh tionscadal comhionannais inscne agus MSS arna reáchtáil ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta, go háirithe eagraíochtaí ban.
- Molfaidh sé anailís inscne a dhéanamh agus é mar cheanglas de mhaoiniú gníomhaíochta seachtraí ón Aontas.
- Molfaidh sé maoiniú tiomnaithe le haghaidh meastóireacht sheachtrach agus neamhspleách a dhéanamh ar chur chuige straitéiseach an Aontais i leith MSS. Chomh maith leis sin, molfaidh sé go mbeidh na meastóireachtaí ar ghníomhaíochtaí seachtracha agus beartas uile an Aontais inscnefhreagrúil.
- Áiritheoidh sé srianta riaracháin íosta i ndáil le rochtain eagraíochtaí na sochaí sibhialta ar chistiú, laistigh de theorainneacha Rialachán Airgeadais an Aontais.

- Cuirfidh sé cistiú tiomanta do thaighde MSS chun cinn.
- Déanfaidh sé measúnú agus faireachán ar bhearta frithsceimhlitheoireachta an Aontais, na mBallstát agus chomhpháirtithe an Aontais, lena n-áirítear dlíthe maoinithe frithsceimhlitheoireachta, agus i gcás inarb infheidhme, gníomhóidh sé i gcoinne na mbeart sin, ionas nach mbeidh tionchar diúltach ná iarmhairtí acu ar chearta na mban agus nach dteorannóidh siad na cearta sin.
- Áiríteoidh sé cur chun feidhme Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa na Tríú Comhdhála maidir le maoiniú um fhorbairt (Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa).

Fothú acmhainneachta agus oiliúint

48. Tá cur chun feidhme éifeachtach chlár oibre MSS ag brath ar fheasacht agus eolas, scileanna, acmhainneacht agus acmhainní na mban agus na bhfear ag gach leibhéal phróisis chinnteoireachta. I bhfianaise a chasta atá timpeallacht slándála an lae inniu agus leathnú chlár oibre MSS, tá fothú acmhainneachta agus feabhas a chur ar oiliúint agus oideachas ionsar an tsíocháin inbhuanaithe, an tslándáil agus comhionannas inscne ina dtaca faoi chur chun feidhme chlár oibre MSS ina iomláine.
49. Dlúthchuid de chlár oibre MSS a chur chun feidhme is ea oiliúint spriocdhírthe. Bunaítear le beartas nua an Aontais maidir le hoiliúint CBSC⁴¹, a glacadh ar an 15 Márta 2017, oiliúint réamh-implonaithe éigeantach chaighdeánaithe mar réamhchoinníoll imlonnaithe i gcomhair baill foirne ar iasacht agus baill foirne ar conradh araon. Cé go bhfuil oiliúint réamh-implonaithe ar fáil cheana do phearsanra a imlonnaítear i misin agus oibríochtaí CBSC, níl sé éigeantach go fóill do chách. Tá cineálacha eile idirghabhála ann (an tacaíocht eadrána, mar shampla) atá fós gan aon chur chuige struchtúrtha éigeantach don oiliúint. De réir an bheartais nua oiliúna seo, ba cheart go léireofaí bunphrionsabail an Aontais in oiliúint uile CBSC, lena n-áirítear spriocanna comhionannais agus MSS. Ina theannta sin, leanfar de chomhpháirteanna inscneghaolmhara a chomhtháthú ar bhealach níos córasaí in oiliúint agus seimineáir inmheánacha CBSC.

⁴¹ Beartas an Aontais maidir le hoiliúint CBSC (5197/2/17 REV 2), 15 Márta 2017.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Leanfaidh sé de bheith ag cur lena thuiscint ar shaincheisteanna a bhaineann le clár oibre MSS trí bhíthin oiliúint dhlúite dhaingnithe ar gach leibhéal, lena n-áirítear leibhéal an lucht bainistíochta. Iarrfaidh sé ar na Ballstáit cúrsaí oiliúna ábhartha a chur ar fáil mar chuid de chlár oiliúna bliantúil an Aontais chun oiliúint a chur ar a náisiúnaigh, agus iad a spreagadh chun na cúrsaí sin a oscailt do rannpháirtithe as Ballstáit eile más féidir.
- Áiríteoidh sé go leanfaidh an Coláiste Eorpach um Shlándaíl agus um Chosaint (ESDC) de bheith ag bogadh chun cinn maidir le gné na hinscne i ngach ceann dá chuid gníomhaíochtaí oiliúna, lena n-áirítear na cúrsaí agus an oiliúint go léir atá ann cheana mar aon lena gcuirtear ar fáil ar bhonn áitiúil sna Ballstáit.
- Áiríteoidh sé go gcomhtháthófar gné na hinscne i ngach gníomhaíocht um bainistiú géarchéimeanna maidir le hoibríochtaí agus misin CBSC agus gníomhaíocht sheachtrach a bhaineann le cabhair dhaonnúil agus forbairt.
- Áiríteoidh sé go n-áireoidh an Coimisiún Eorpach agus SEGS MSS go rialta sna cúrsaí inscne-oiliúna atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i SEGS, sa Choimisiún, i dtoscaireachtaí an Aontais agus i struchtúir CBSC. Ba cheart a áireamh san oiliúint sin dóigheanna le gné inscne a chomhtháthú go praiticiúil san obair laethúil.
- Áiríteoidh sé go gcomhtháthófar comhpháirt/modúl MSS i gcúrsaí oiliúna ar líne agus go n-áireofar comhpháirt inscne go córasach le cúrsaí oiliúna a bhaineann leis na hearnálacha ábhartha uile, amhail dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh, athchóiriú earnáil na slándála agus breathnadóireacht toghcháin.
- Molfaidh sé oiliúint i gcomhair gníomhaithe uile an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann tacaíocht airgeadais nó theicniúil ón Aontas maidir le conas anailís inscne a dhéanamh agus a úsáid agus gné inscne a chomhtháthú i dtacaíocht eadrána.
- Cuirfidh sé oiliúint ar fáil maidir le comhionannas inscne agus an chaoi le noirm agus róil inscne coinbhleachta agus agus sóisialaithe a aistriú chuig a bpearsana, agus tacóidh sé le hoiliúint do chomhpháirtithe rialtais agus neamhrialtais.

- Áiritheoidh sé go gceapfar oiliúint bunaithe ar riachtanais na bhfaighteoirí agus go ndéanfar cóitseáil nó meantóireacht i gcás inarb iomchuí, go háirithe orthu siúd a bhfuil poist arda nó bainistíochta acu.
- Spreagfaidh sé na Ballstáit chun tús áite a thabhairt d'fhothú acmhainneachta agus oiliúint mar thosaíocht ina bpleananna gníomhaíochta náisiúnta agus i ngníomhaíochtaí lena dtacaítear le tíortha nach bhfuil san Aontas.
- Spreagfaidh sé na Ballstáit chun tús áite a thabhairt do cheapadh uirlisí oiliúna agus chun infheistiú iontu, mar atá oiliúint ar ríomhaire (ar an ngréasán, podchraoladh) agus pacáistí oiliúna eile. D'fhéadfaí modúil oiliúna den chineál sin, a ceapadh le haghaidh thoscaireachtaí an Aontais agus mhisin agus oibríochtaí CBSC, a chomhroinnt freisin le páirtithe agus tíortha nach bhfuil san Aontas.

Faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú

50. Léiríodh le tascfhórsa neamhfhoirmiúil an Aontais maidir le MSS gur fóram úsáideach é le haghaidh malartú agus comhpháirtíocht idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus an tsochaí shibhialta⁴².
51. Tiocfaidh an tascfhórsa le chéile ceithre huaire sa bhliain, dhá uair ar an leibhéal straitéiseach faoi chomhchathaoirleacht SEGS agus Uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh, agus dhá uair ar an leibhéal teicniúil/oibre.
52. Ba cheart do thoscaireachtaí de chuid an Aontais fóraim a thionól chun faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú ina dtíortha féin agus ar bhonn réigiúnach ar mhaithe le toscaireachtaí de chuid an Aontais, misin CBSC agus na Ballstáit a thabhairt le chéile leis an tsochaí shibhialta chun gur féidir leo ionchur comhthéacsúil daingean a chur ar fáil.
53. Tá sé mar aidhm ag an Aontas comhpháirtíochtaí agus comhghuaillíochtaí a bhunú le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha eile, agus go háirithe ardáin struchtúraithe fhoirmiúla a bhunú don chomhar ar gach leibhéal, ón leibhéal polaitiúil chuig an leibhéal oibre. Ionas go mbeidh siad inbhuanaithe agus éifeachtach, ní mór cuir chuige ón mbarr anuas a bheith ag gabháil leis na bearta a cheapfar agus a chuirfear chun feidhme ar gach leibhéal.

⁴² Lena n-áirítear an saol acadúil.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Tacóidh sé le fóram⁴³ a bhunú chun taithí agus dea-chleachtais a mhalartú agus nuálaíocht a chothú i measc cleachtóirí (comhairleoirí inscne agus pointí teagmhála inscne) ar leibhéal éagsúla, mar beidh sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar roghanna beartais i bhfianaise taithí, eolais agus smaointe na gcleachtóirí le go gcuirfear cur chuige straitéiseach nua an Aontais maidir le MSS chun feidhme ar bhealach éifeachtach agus inbhuanaithe. Beidh sin infheidhme laistigh den Aontas, idir eagraíochtaí agus laistigh de agus idir líonraí a bunaíodh agus atá ag feidhmiú cheana, mar shampla, líonraí a bunaíodh cheana sa Choimisiún Eorpach.
- Tabharfaidh sé treoir chun chur chun feidhme chur chuige straitéiseach nua an Aontais maidir le MSS a dhéanamh ar bhealach uileghabhálach agus áiritheoidh sé go n-áireofar air sin an rannpháirtíocht is leithne is féidir de gheallsealbhóirí éagsúla.
- Tacóidh sé le líonraí uileghabhálacha atá ann cheana agus le líonraí uileghabhálacha nua pointí teagmhála agus saineolaithe a bhfuil sé mar aidhm acu comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a fheabhsú agus clár oibre MSS a chur chun feidhme.

Ceannaireacht agus cuntasacht

54. Tá ríthábhacht le ceannaireacht agus acmhainní leordhóthanacha ar gach leibhéal i gcur chun feidhme MSS. Chuige sin, tá gá le tuiscint láidir ar chomhionannas inscne agus MSS ionas go bhféadfadh ceannaireacht a bheith freagrúil ó thaobh inscne de. I gcomhréir le creat beartas ginearálta an Aontais maidir le comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus MSS, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht clár oibre MSS a chur chun feidhme. Tá ról thábhachtacha freisin ag institiúidí agus comhlachtaí ábhartha an Aontais i gclár oibre MSS a chur chun cinn agus a chur chun feidhme.

⁴³ Sampla amháin de sin is ea an comhar le GEARÚ Réigiúnach Rún (RAR) 1325 leis na Náisiúin Aontaithe, leis an Aontas, le ECAT, leis an Aontas Afracach agus leis an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE).

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Áiritheoidh sé go gcuirfidh an fhoireann bainistíochta comhionannas inscne agus MSS chun cinn ar bhealach gníomhach laistigh dá cuid seirbhísí tríd an méid sin a áireamh i sainchuntais feidhmeanna na bpost uile ceannaireachta agus trína áirithiú go mbeidh na heilimintí sin ina gcuid den mheastóireacht ar an bhfoireann bainistíochta. Áirítear leis sin na sainorduithe maidir le Cinn Toscaireachta, Ionadaithe Speisialta an Aontais Eorpaigh agus Cinn/Ceannasaithe mhisin agus oibríochtaí CBSC.
- Áiritheoidh sé go gcuirfear ard-oiliúint maidir le comhionannas inscne agus MSS ar na daoine arna bhfostú nó arna n-imlonnú ag an Aontas i bpoist cheannaireachta. Ina theannta sin, áiritheoidh sé go mbeidh na ceannairí agus an fhoireann bainistíochta ar an eolas faoi obair ilghnéitheach na gcomhairleoirí agus na bpointí teagmhála inscne.
- Áiritheoidh sé go gcuirfidh fostaithe, conraitheoirí agus comhpháirtithe cur chun feidhme uile an Aontais cur chun feidhme éifeachtach chlár oibre MSS chun cinn agus áiritheoidh sé gur ar na leibhéil cheannaireachta agus bhainistíochta a bheidh an fhreagracht is mó agus áiritheoidh sé go molfar sásraí cuntasachta.
- Áiritheoidh sé go n-áireofar ar na sainchuntais poist, ar na téarmaí tagartha agus ar na ceanglais i dtaca le glaonna ar thairiscintí an ceanglas um aghaidh a thabhairt ar chomhionannas inscne agus gnéithe MSS i ngach réimse oibre, lena n-áirítear an ceanglas um oiliúint a dhéanamh de réir mar is gá.

Feidhmeanna tacaíochta

55. Tá obair na gcomhairleoirí inscne agus na bpointí teagmhála/na dteagmhálaithe lárnach i mbeartais an Aontais maidir le comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus MSS a aistriú chuig anailís, pleanáil, iompar agus meastóireacht. Ar an ábhar sin, ba cheart na daoine a bhfuil na poist sin acu a shuí go straitéiseach, agus dlúthrochtain a bheith acu ar an lucht bainistíochta sinsearach agus ar dhoiciméid agus próisis straitéiseacha. Tá ról tábhachtach ag comhairleoirí inscne agus pointí teagmhála inscne i gcomhtháthú gnéithe inscne i gcúraimí agus oibríochtaí laethúla a éascú. I misin shibhialtacha CBSC, ceapadh struchtúir pointí teagmhála inscne go rathúil chun feidhmiú mar ghné bhreise den chomhairleoir inscne, lena n-áirithítear teacht níos forleithne ar iarrachtaí príomhshruthaithe inscne.

56. I dtoscaireachtaí de chuid an Aontais, is geallsealbhóirí tábhachtacha iad na daoine atá ina dteagmhálaithe inscne, agus iad freagrach as comhairle a thabhairt i ndáil le gach iarracht agus gníomhaíocht a bhaineann le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus iad a chomhordú. Is iad atá freagrach as cur chun feidhme Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne (GAPII) a éascú agus tacú leis. Tagann líonra na ndaoine atá ina lártheagmhálaithe inscne le chéile gach bliain sa Bhruiséil. Is é an príomhfhócas a bhíonn ag an imeacht sin: (i) machnamh a dhéanamh ar an eolas agus ar an taithí a fuarthas cheana; (ii) an fhoghlaím a éascú; agus (iii) dul chun cinn maidir le GAPII a phlé, go háirithe i ndáil le cuspóir an 'athraithe chultúrtha institiúidigh' agus tuairisciú.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Áiritheoidh sé go mbeidh na comhairleoirí inscne agus na lártheagmhálaithe suite go straitéiseach agus go mbeidh acmhainní leordhóthanacha acu.
- Leanfaidh sé den fheidhm chumais agus den acmhainneacht san Aontas maidir le comhairle inscne, i dteannta, más féidir, leis na comhpháirtithe réigiúnacha agus iltaobhacha uile atá ann faoi láthair agus trí mhalartuithe le cleachtóirí agus acadóirí de chuid na sochaí sibhialta ar saineolaithe iad.
- Spreagfaidh sé cothromaíocht inscne i measc comhairleoirí inscne agus pointí teagmhála inscne trí níos mó fear a spreagadh chun na poist sin a dhéanamh.
- Córasóidh sé úsáid pointí teagmhála inscne agus cruthóidh sé líonra de phointí teagmhála inscne a bheidh cothrom ó thaobh inscne de ina mbeidh baill foirne náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.
- Nuair a cheaptar/roghnaítear pointí teagmhála inscne, áiritheoidh sé go mbeidh an fhreagracht sin ina cuid dá sainchuntais phoist agus, ina dhiaidh sin, dá meastóireachtaí bliantúla. Tá an obair seo chomh tábhachtach céanna le haon obair eile agus caithfear sin a léiriú dá réir i meastóireachtaí bliantúla ar fheidhmíocht.
- Spreagfaidh sé úsáid níos leithne struchtúr pointe teagmhála inscne mar bhealach chun príomhshruthú inscne i gcúraim laethúla a éascú agus a chur feidhme, agus úsáid á baint go háirithe as misin shibhialtacha CBSC.

- Éascóidh sé a thuilleadh malartú smaointe agus nascadh idir comhairleoirí inscne san Aontas, pointí teagmhála inscne agus teagmhálaithe inscne, trí chruinnithe aghaidh ar aghaidh nó fíorúla, mar shampla, agus trí úsáid níos mó a bhaint as ardáin dhigiteacha atá ann cheana amhail *'Together'*, ardán fíorúil an líonra Eorpaigh do phointí teagmhála inscne.
- Spreagfaidh sé malartú dea-chleachtais agus ceachtanna a foghlaimíodh idir comhairleoirí agus pointí teagmhála inscne/teagmhálaithe inscne.
- Spreagfaidh sé éagsúlacht i measc comhairleoirí inscne agus pointí teagmhála inscne/teagmhálaithe inscne, go háirithe trí níos mó fear a earcú.

Nósanna imeachta maidir le faireachán, meastóireacht agus tuairisciú

57. Tá córas láidir faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe i bhfeidhm ag an Aontas, go háirithe mar chuid de Phlean Gníomhaíochta AE maidir le hInscne do 2016-2020 (GAPII) agus de rannpháirtíocht straitéiseach an Aontais don chomhionannas inscne. Tá sé mar aidhm le breis nósanna imeachta MSS faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe tuilleadh feabhais a chur ar obair leantach fhoriomlán chur chun feidhme chlár oibre MSS, lena n-áirítear trí shruthlíniú agus sioncronú a dhéanamh leis na nósanna imeachta tuairiscithe comhthreoracha ábhartha. Tá sé mar aidhm le córas tuairiscithe MSS díriú, ní hamháin ar *cad é* atá le déanamh, ach ar *conas* a dhéantar é freisin.
58. Féachtar le feabhas a chur ar an gcóras faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe atá ann faoi láthair, i dtéarmaí substainte agus i dtéarmaí próisis araon. Is é an aidhm atá leis sin, na dálaí a chruthú maidir le hanailís agus measúnuithe cainníochtúla agus cáilíochtúla a uasmhéadú, agus ag an am céanna, an cur isteach ar sholáthraithe sonraí agus castachtaí i leith próiseálaithe sonraí a íoslaghdú. Thairis sin, tá sé mar aidhm ag an Aontas próiseas faireacháin táscairí-bhunaithe a chruthú, bunaithe ar mharcóirí dul chun cinn. Maidir le gné rannpháirtíochta chlár oibre MSS, áirítear leis sin fócas méadaithe ar cháilíocht an chuimsithe a dhéanfar ar mhná anuas ar líon na mban a chuimseofar. Féadfar leis sin anailís níos cuimsithí a dhéanamh ar rannpháirtíocht shuntasach chothrom na mban agus ar a dtionchar iarbhir ar phróisis agus seasaimh chinnteoireachta.

59. Le faireachán agus meastóireacht éifeachtach uileghabhálach thrédhearcach a dhéanamh, tá gá le malartú agus comhpháirtíocht idir institiúidí an Aontais, na Ballstáit agus an tsochaí sibhialta. Ba cheart sásraí éifeachtacha rannpháirtíochta trédhearcacha agus nósanna imeachta a bhunú.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar tháscairí agus bainfidh sé níos mó úsáide astu ina chuid gníomhaíochtaí chun an cur chuige straitéiseach maidir le MSS a chur chun feidhme. Déanfaidh sé sonraí a imdhealaítear de réir inscne a chórasú ar fud bheartais sheachtracha an Aontais agus áiritheoidh sé go mbeidh níos mó i gceist leis an anailís tionchair ná cur síos/tuairisciú sonraí leathana neamhionannais inscne, trí mhion(chás)staidéir arna ndéanamh ag an tsochaí sibhialta neamhspleách nó ag an saol acadúil, staidéir bhonnlíne agus malartuithe rialta le hionadaithe ón Aontas (lena n-áirítear eagraíochtaí áitiúla na sochaí agus go háirithe eagraíochtaí na mban) a chur ar fáil.
- Baileoidh sé táscairí a bhaineann le MSS ó chreataí eile (clár oibre gníomhaíochta Bhéising, Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta na mBallstát, Plean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne, etc.) agus comhtháthóidh sé iad a oiread is féidir i gcreat táscairí MSS, lena áirithiú nach n-iarrfar na sonraí céanna i nósanna imeachta tuairiscithe éagsúla (éascóidh sin an tuairisciú).
- Beidh sé mar aidhm aige tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht, comhchuibhiú agus cuíchóiriú tuairisciú uile an Aontais a bhaineann le comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus MSS.
- Cuirfidh sé paraiméadair, córais agus treoirlínte ar fáil do na Ballstáit chun a áirithiú gur féidir próisis faireacháin agus meastóireachta a chomhiomlánú ar an leibhéal réigiúnach, agus cuirfidh sé san áireamh ag an am céanna go bhfuil riachtanais agus tosaíochtaí faoi leith ag gach Ballstát.
- Cuirfidh sé rannpháirtíocht éifeachtach na sochaí sibhialta uileghabhálaí chun cinn, lena n-áirítear grúpaí intíre um chearta na mban agus saineolas inscne, i próisis faireacháin agus meastóireachta.

Pleananna gníomhaíochta náisiúnta

60. Tá ról tábhachtach ag pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcur chun feidhme chlár oibre MSS a chuíchóiriú, go háirithe ar an leibhéal náisiúnta.

Dá bhrí sin, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

- Cuirfidh sé chun cinn cur chuige uile-rialtais maidir le ceapadh agus cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta náisiúnta. Cuideoidh sin leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí tús áite a thabhairt do straitéis uile-rialtais agus a bheith tiomanta i gcónaí do na tíortha uile laistigh agus lasmuigh den Aontas a spreagadh chun pleananna gníomhaíochta náisiúnta a cheapadh agus a chur chun feidhme bunaithe ar an bprionsabal sin.
- Áiritheoidh sé go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ann le tacú le pleananna gníomhaíochta náisiúnta ionas gur féidir iad a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach.
- Cuirfidh sé sásraí rannpháirtíochta chun cinn mar chuid de phleananna gníomhaíochta náisiúnta a cheapadh lena n-úinéireacht áitiúil agus a gcuimsitheacht a áirithiú, maille le hacmhainní.
- Cuirfidh sé chun cinn institiúidiú an fhaireacháin pharlaimintigh ar chur chun feidhme na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta. Cuirfidh sé rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i bhfaireachán agus meastóireacht chun cinn.
- Molfaidh sé do na Ballstáit tacaíocht fhrithpháirteach a thabhairt do cheapadh agus cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta náisiúnta a chéile.
- Leanfaidh sé de bheith ag tacú le cur chun feidhme éifeachtach pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus dá spreagadh i dtíortha ina ndéantar gníomhaíochtaí seachtracha an Aontais le tacaíocht ó Phríomhchomhairleoir SEGS maidir le hInscne agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.
- Áiritheoidh sé go mbeidh forálacha na straitéise sin ón Aontas maidir le MSS le brath feasta ar phleananna gníomhaíochta náisiúnta na mBallstát agus na dtíortha nach bhfuil san Aontas.

Iarscríbhinn I: Mná, an tsíocháin agus an tslándáil (MSS) i mbeartais sheachtracha an Aontais

MSS sa Chomhbheartas Slándála agus Cosanta

61. Tá an tábhacht a bhaineann le comhionannas inscne agus príomhshruthú inscne i gcomhthéacs an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC) ar gach leibhéal á athdhearbhú ag an gComhairle ó bhí 2006 ann⁴⁴. Ó glacadh an 'Cur Chuige Cuimsitheach maidir le cur chun feidhme san Aontas Eorpach Rún 1325 agus Rún 1820 CS maidir le MSS ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe⁴⁵', ceapadh beartas maidir le MSS a bhaineann le CBSC go sonrach agus nuashonraíodh go leanúnach é⁴⁶ chun príomhshruthú inscne a áirithiú maille le cur chun feidhme na rún maidir le MSS ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, ó anailís luath agus pleanáil go cur i bhfeidhm misean agus oibríochtaí CBSC, lena n-áirítear an obair a leanann iad agus meastóireacht.
62. In 2016, rinneadh staidéar bonnlíne mar bhreithniú ar chomhtháthú cheart an duine agus inscne i CBSC. Diomaite de bhonnlínte a leagan síos, cuirtear béim sa tuarascáil ar an Staidéar Bonnlíne⁴⁷ ar an dul chun cinn atá déanta agus léirítear samplaí den dea-chleachtas inti.

⁴⁴ Conclúidí ón gComhairle maidir le comhionannas inscne a chur chun cinn agus príomhshruthú inscne i mbainistiú géarchéimeanna. An 2760ú cruinniú den Chomhairle Gnóthaí Ginearálta, an Bhruiséil, an 13 Samhain 2006.

⁴⁵ Cur Chuige Cuimsitheach maidir le cur chun feidhme san Aontas Eorpach Rún 1325 agus Rún 1820 maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil (15671/1/08 REV 1), 1.12.2008.

⁴⁶ Nuashonraíodh go deireanach in 2012: Cur chun feidhme na rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil i gcomhthéacs mhisin agus oibríochtaí CBSC (5799/12/12).

⁴⁷ Ba é sin an chéad uair a rinneadh Staidéar Bonnlíne do CBSC maidir le cearta an duine agus inscne a chomhtháthú. Tá dhá chuid sa staidéar, inar sainaithníodh 21 bhonnlíne le measúnú a dhéanamh ar a mhéid a comhtháthaíodh cearta an duine agus comhionannas inscne i CBSC: (i) cás-staidéir phleanála agus tionchair a rinneadh ar sheacht gcinn de mhisin CSDP; agus (ii) cúig cheistneoir chuig seirbhísí CBSC — an Stiúrthóireacht um Bainistíocht Géarchéime agus um Pleanáil (CMPD), Cumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC), an Fhoireann Mhíleata (EUMS) agus an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC) — agus misin uile CBSC.

63. Chuir misin agus oibríochtaí CBSC lena n-acmhainneacht comhairle inscne de réir a chéile chun príomhshruathú inscne a mhéadú agus dlús a chur le cur chun feidhme bheartas an Aontais maidir le MSS. Tráth formheasta Chur Chuige Straitéiseach an Aontais i leith MSS [Nollaig 2018], tá comhairleoirí inscne imlonnaithe ag misin shibhialta uile CBSC chun feidhm aonair nó feidhm dhúbailte a dhéanamh⁴⁸. Tá poist lánaimseartha a bhaineann go sonrach le comhairle inscne agus comhairleoir feidhme dúbailte i gcumas míleata pleanála agus seolta (MPCC)/Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh ag gach misean míleata de chuid an Aontais agus ag ceann amháin de na trí cinn d'oibríochtaí míleata CBSC. Níor líonadh aon cheann de na poist sin fós, áfach, rud a chuireann i mbaol cumas an Aontais cur chun feidhme éifeachtach a bhaint amach.
64. Is é an príomhról a bhíonn ag comhairleoirí inscne i misin agus oibríochtaí CBSC comhairle a chur ar an lucht bainistíochta sinsearaí i dtaca le hanailís inscne agus gnéithe inscne a chomhtháthú agus sainordú an mhisin á chur chun feidhme. Is féidir le freagrachtaí an chomhairleora inscne athrú de réir mhéid agus struchtúr an mhisin agus de réir chineál an tsainordaithe. Mar sin féin, tugann siad aghaidh i gcónaí ar ghnéithe inmheánacha agus gnéithe seachtracha araon. **Go seachtrach**, bíonn na comhairleoirí inscne ag obair go díreach nó go hindíreach (e.g. trí bhíthin ábhar saineolaithe agus meantóirí) le contrapháirtithe áitiúla ón óstnáisiún, ar dhréachtú reachtaíochta nó ar fhothú acmhainneachta mar shampla, do na hinstiúidí áitiúla. **Go himmheánach**, bíonn na comhairleoirí inscne ag obair i ndlúthchomhar le lucht bainistíochta misin/oibríochtaí agus le heintitis eile i bpleanáil oibríochtúil straitéiseach agus cumais seolta. Ar an iomlán, is éascaitheoirí agus catalaigh na comhairleoirí inscne: sainaithníonn siad agus cuireann siad tacaíocht agus comhairle ar fáil. Mar sin féin, ní hiad a bhíonn freagrach ar deireadh as an obair maidir le comhionannas inscne agus comhtháthú sistéamach ghnéithe na hinscne sa mhisean/san oibríocht mar gur faoin gCeann Misin nó faoin gCeannasaí a fhreagracht sin.

⁴⁸ Is téarma é feidhm dhúbailte a úsáidtear chun tagairt a dhéanamh d'oifigeach a bhfuil dhá ról aige.

65. I misin shibhialtacha CBSC, tá struchtúir pointí teagmhála inscne éirithe ina n-uirlis choiteann le húsáid chun príomhshruthú inscne a chumasú i seachadadh shainordú an mhisin. Mar chomhlánú ar a bpríomhfheidhm, tá freagrachtaí comhionannais inscne agus freagrachtaí a bhaineann le MSS ar na pointí teagmhála inscne. Feidhmíonn na pointí teagmhála inscne mar phointe teagmhála agus mar dhroichead idir an comhairleoir inscne agus eintitis éagsúla an mhisin. Mar is amhlaidh i gcás comhairleoirí inscne, bíonn ról an phointe teagmhála ag brath ar shainordú an mhisin, ar a bhfeidhm, agus ar a gcúraimí sa mhisean.
66. D'fhonn an bhearna idir beartas agus cleachtas a dhruidim a thuilleadh, ceapadh tacar treoirlínte oibríochtúla maidir le príomhshruthú inscne agus seoladh iad in 2018 le haghaidh misin shibhialtacha CBSC⁴⁹. Is é is aidhm do na treoirlínte: (i) príomhshruthú córasach gné inscne a éascú agus beartais maidir le comhionannas inscne a ghlacadh, lena n-áirítear cur chun feidhme bheartas an Aontais maidir le MSS; agus (ii) cur chuige níos aonfhoirmí a chothú i leith comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus clár oibre MSS i misin.

⁴⁹ D'eisigh Ceannairí na nOibríochtaí Sibhialta Treoirlínte Oibríochtúla do lucht bainistíochta agus foireann an mhisin maidir le príomhshruthú inscne (doic. EEAS (2018) 747).

Mná, síocháin agus slándáil (MSS) sa Choimisiún Eorpach

Cosaint shibhialta agus cabhair dhaonnúil

67. Tá an tAontas Eorpach tar éis cur chuige atá íogair ó thaobh na hinscne de a ghlacadh maidir le cabhair dhaonnúil, lena n-aithnítear an inscne mar chritéar cáilíochta, rud a áirithíonn go mbíonn rochtain ag na daoine is leochailí ar chabhair dhaonnúil agus, a bhuí leis an gcabhair dhaonnúil, go dtugtar aghaidh, ar bhealach éifeachtach, ar na riachtanais shonracha a bhíonn ag mná, cailíní, buachaillí, fir agus seanmhná agus seanfhir. Sa doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Gender in Humanitarian Assistance: Different Needs, Adapted Assistance*⁵⁰ [An cúnamh daonnúil agus an inscne: Riachtanais dhifriúla, Cúnamh oiriúnaithe], leagtar amach cur chuige an Aontais maidir le hinscne agus foréigean inscnebhunaithe sa chabhair dhaonnúil. Tagraíonn an doiciméad inmheánach oibre do Chreat MSS agus cur chuige cuimsitheach an Aontais Eorpaigh maidir le Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith leis na 17 dtáscaire atá glactha ag an gComhairle. Tá sa bheartas caibidil maidir leis an bhforéigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe agus tacaíonn an tAontas le gníomhaíochtaí spriocdhírithe chun deireadh a chur le foréigean den sórt sin.
68. Chun tacú le cur chun feidhme na mbeartas agus comhsheasmhacht idir na beartais sin, tá marcóir um chomhionannas inscne agus aoise tugtha isteach ag an Aontas Eorpach agus feidhm aige, ó mhí Eanáir 2014, maidir leis na tionscadail dhaonnúla uile a mhaoinigh an tAontas. Uirlis chuntasachta é an marcóir um chomhionannas inscne agus aoise agus úsáidtear leis ceithre chritéar cáilíochta chun a mheas a mhéid a chuirtear an inscne agus an aois san áireamh sna gníomhaíochtaí daonnúla uile a mhaoiníonn an tAontas Eorpach ag céim a molta, le linn faireachán a dhéanamh orthu agus ag céim na tuarascála deiridh.
69. Ar an ábhar sin, tá Creat MSS thar a bheith ábhartha ó thaobh obair dhaonnúil an Aontais de, go háirithe maidir le príomhshruthú inscne agus cosaint ar fhoréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe i gcásanna éigeandála.

⁵⁰ Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin dar teideal *Gender in Humanitarian Assistance: Different Needs, Adapted Assistance*, [An cúnamh daonnúil agus an inscne: Riachtanais dhifriúla, Cúnamh oiriúnaithe] an Bhruiséil 22.7.2013 SWD (2013) 290 final.

Comhar idirnáisiúnta agus forbairt

70. De bharr gur den riachtanas é cailíní agus mná a bheith rannpháirteach sa tsochaí ar gach leibhéal agus éisteacht a thabhairt dá dtuairimí chun sochaithe atá cothrom agus cuimsitheach a bhaint amach, leanfaidh Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh um Chomhar Idirnáisiúnta agus Forbairt (AS DEVCO) de bheith ag cur lena hiarrachtaí, mar chuid de Phlean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne (GAP II), plean gníomhaíochta AE 2016-2020 maidir le hinscne, a chur chun feidhme, cuidiú i mbealach intomhaiste le cailíní agus mná a gcumas dul i mbun gníomhaíochta a mhéadú agus tacú leo chun gur féidir leo a bheith rannpháirteach sa saol polaitiúil, eacnamaíoch agus sóisialta agus a dtuairimí a chur in iúl, lena n-áirítear i gcásanna coinbhleachta agus iarchoinbhleachta.
71. Le GAP II, foráiltear do chreat maidir le bearta dírithe ar thorthaí agus gníomhaíocht chomhordaithe. Daingnítear le GAP II an comhthéacs maidir le cur chuige nua, an bunús atá leis agus tosaíochtaí an chur chuige sin lena leagtar béim ar bheartas agus gealltanais pholaitiúla an Aontais Eorpaigh maidir le comhionannas inscne chun torthaí coinchréiteacha a bhaint amach do chailíní agus mná ar bhealach níos éifeachtaí agus, san am céanna, gníomhaíochtaí an Aontais sa réimse sin a chomhordú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu i mbealach níos éifeachtúla. Tá cuspóirí sonracha in GAP II maidir le cumas ban a neartú chun dul i mbun gníomhaíochta agus cur leis an ionadaíocht a dhéantar ar mhná agus, chomh maith leis sin, deireadh a chur le hidirdhealú agus foréigean de gach cineál a fhulaingíonn siad i ngach comhthéacs.
72. Léiríodh i dtuarascáil ar chur chun feidhme GAP II 2017⁵¹ gurbh é an cuspóir is mó a roghnaigh toscaireachtaí de chuid an Aontais i dtíortha i mbéal forbartha 'cailíní agus mná a bheith saor ó gach cineál foréigin ina gcoinne', san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon.

⁵¹ Tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme 2017: Plean Gníomhaíochta II AE maidir le hinscne, Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol Cailíní agus Ban a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020 (SWD (2018) 451 final), 15.10.2018.

73. Tá sa chuspóir sin táscaire sonracha maidir le 'cosaint do mhná agus fir uile de gach aois ón bhforéigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe i gcásanna géarchéime, a bhuí le hoibríochtaí a dtacaíonn an tAontas leo' i gcás ina moltar liosta táscairí chun an tionchar a bhíonn ag gníomhaíochtaí faoi stiúir an Aontais a mheas. Ar na táscairí sin, áirítear iad seo a leanas ach ní hionann sin agus a rá nach bhféadfaidh táscairí eile a bheith i gceist: (i) líon na dtíortha comhpháirtíochta de chuid an Aontais ina dtuairiscítear laghdú ar mhinicíocht an fhoréigin ghnéasaigh a bheith in úsáid mar arm cogaidh; (ii) líon na ndaoine aonair a bhaineann leas díreach as cláir a fhaigheann tacaíocht ón Aontas arb é an aidhm ar leith atá acu tacú le cothú na síochána sibhialta iarchoinbhleachta agus/nó coinbhleachtaí a chosc; agus (iii) céatadán na misean chun an tsíocháin a choimeád agus chun an tsíocháin a chothú lena mbaineann forálacha ar leith chun feabhas a chur ar shlándáil agus stádas cailíní agus ban de gach aois.
74. Faoi na tosáíochtaí áirithe seo, tugadh tuairisc in 2017 ar 34 thionscnamh nua chun cur le hionadaíocht ban agus deis a bheith acu a dtuairimí polaitiúla a chur in iúl, bíodh is nár díriodh ar an tsíocháin agus ar an tslándáil ach i líon beag de na tionscnaimh sin. Ba é rannpháirtíocht na mban i bpróisis a bhaineann le ceapadh beartais agus cúrsaí rialachais agus toghcháin ab ábhar dóibh mar aon le heagraíochtaí ban agus cosantóirí chearta an duine a chumhachtú.

Ceartas, tomhaltóirí agus comhionannas inscne

75. De bharr go bhfuil an comhionannas idir mná agus fir ar cheann de luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh, cuireann an Coimisiún Eorpach roimhe, i gcomhréir le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe Uimh. 5 maidir le comhionannas inscne, an comhionannas inscne a chur chun cinn sna Ballstáit agus ar fud an domhain. Mar is léir ó rannpháirtíocht straitéiseach an Choimisiúin ar son an chomhionannais inscne⁵², tá an obair a dhéanann sé dírithe ar na cúig réimse tosaíochta seo a leanas: (i) cur le líon na mban atá rannpháirteach i margadh an tsaothair agus an neamhspleáchas eacnamaíoch comhionann do mhná agus fir a mhéadú; (ii) bearnaí inscne an phá, an tuillimh agus na bpinsean a íslíú agus, ar an gcaoi sin, an bhochtaineacht i measc na mban a chomhrac; (iii) an comhionannas idir mná agus fir sa chinnteoireacht a chur chun cinn; (iv) an foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus cosaint agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh; agus (v) an comhionannas inscne agus cearta ban a chur chun cinn ar fud an domhain.
76. Faoi láthair, tá líon na mban atá rannpháirteach i margadh an tsaothair san Aontas tuairim is deich bpointe céatadáin níos ísle ná líon na bhfear. Anuas air sin, tá an méid a íoctar leo 16 % níos ísle ar an meán agus is annaimhe a thugtar ardú céime dóibh go post maoirseora nó bainisteora. Go deimhin, is lú ná 6 % na mná ar príomhoifigigh feidhmiúcháin iad sna cuideachtaí móra arna liostú ar stocmhalartán san Aontas Eorpach. Céim thábhachtach chun cinn chun comhionannas inscne a bhaint amach is ea cumhachtú eacnamaíoch ban. Leagadh béim air sin freisin i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach i mí na Samhna seo caite⁵³. Is fadhb fhorleatach é an foréigean inscnebhunaithe san Aontas Eorpach; déantar foréigean fisiciúil, foréigean gnéasach, nó iad araon, ar bhean as gach triúr⁵⁴.

⁵² Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin: Rannpháirtíocht straitéiseach don chomhionannas inscne 2016-2019 (SWD (2015) 278 final), 3.12.2015.

⁵³ An Ard-Stiúrthóireacht um Cheartas agus Tomhaltóirí (an Coimisiún Eorpach). (Mí Aibreáin 2018). Tuarascáil maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach.

⁵⁴ Is fadhb fhorleatach é an foréigean inscnebhunaithe san Aontas Eorpach; déantar foréigean fisiciúil, foréigean gnéasach, nó iad araon, ar bhean as gach triúr. Foinse: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha. (Mí an Mhárta 2014). *Violence against women: an EU-wide survey* [Foréigean in aghaidh ban: suirbhé uile-Aontais]. Tuarascáil ar na príomhthorthaí.

77. Tá an Coimisiún ag baint úsáid as gach ionstraim a bhfuil tarraingt aige uirthi chun na tosaíochtaí atá leagtha amach sa rannpháirtíocht straitéiseach a bhaint amach. Áirítear orthu sin na cinn seo a leanas: (i) faireachán a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana maidir le hidirdhealú pá, rochtain ar earraí agus seirbhísí, ciapadh gnéasach a thoirmeasc sa láthair oibre, oibrithe atá ag iompar clainne a chosaint, go háirithe maidir le daoine a chur as a bpost, íoscheanglais i dtaobh cearta íospartach, agus orduithe cosanta Eorpacha; (ii) reachtaíocht nua a mholadh, cuir i gcás, maidir le saoire atharthachta, saoire thuismitheoireachta agus saoire cúramóirí le pá a thabhairt isteach, lena n-áirítear tréimhsí neamh-inaistrithe de shaoire thuismitheoireachta d'aithreacha agus máithreacha, agus reachtaíocht chun trédhearcacht na bpróiseas roghnúcháin maidir le boird stiúrthóirí a fheabhsú i gcuideachtaí móra arna liostú ar stocmhalartán; agus (iii) aontachas chuig Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl⁵⁵).
78. Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún réimse beartas i bhfeidhm agus chun feidhme ar a n-áirítear na cinn seo a leanas: (i) an plean gníomhaíochta chun dul i ngleic leis an mbearna phá⁵⁶, plean ina leagtar amach tacar comhleanúnach forleathan de bhreis agus fiche gníomhaíocht choincréiteach atá le cur i gcrích le linn 2018-2019; agus (ii) faireachán na mBallstát leis an bpróiseas faireachais eacnamaíoch bliantúil faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh. Leis an gClár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht, cistíonn an Coimisiún tionscnaimh de chuid na sochaí sibhialta agus tionscadail de chuid na n-údarás náisiúnta agus, i dteannta EUROSTAT agus na hInstitiúide Eorpaigh um Chomhionannas Inscne, cuidíonn sé chun sonraí inchomparáide d'ardchaigheán maidir le comhionannas inscne a bhailiú ó Bhallstáit uile an Aontais.

⁵⁵ Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, CETS Uimh. 210, 11.5.2011.

⁵⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: Plean Gníomhaíochta AE 2017-2019. Ag dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní (COM(2017) 678 final), 20.11.2017.

An beartas comharsanachta agus caibidlíocht maidir le méadú

79. San athbhreithniú a rinneadh ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa in 2015⁵⁷, luadh go sonrach go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí chun Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil, agus na rúin leantacha lena mbaineann, a phríomhshruthú agus a neartú mar aon le gné na hinscne i bpleanáil agus cur chun feidhme an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta agus athbhreithniú air. Lena chois sin, maítear leis an 20 sprioc insoláthartha do 2020 a ghlac Ballstáit an Aontais agus na sé thír chomhpháirtíochta de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir in Oirthear na hEorpa gur saincheist leathan é an comhionannas inscne. Dírítear freisin ar an tsaincheist i roinnt cuspóirí neamhspleácha a bhfuil baint acu le neartú an chomhair slándála, go háirithe chun tacú le réiteach coinbhleachta agus géarchéimeanna a chosc.
80. Le Teachtaireacht 2016 i dtaca le beartas an Aontais maidir le méadú⁵⁸, léiríodh go gcaithfí 'tuilleadh oibre a dhéanamh chun comhionannas a áirithiú idir mná agus fir, go háirithe i margadh an tsaothair agus chun dul i ngleic le foréigean inscnebhunaithe'. Tá Coinbhinsiún Iostanbúl, a bhfuil airteagal ar leith ann ina ndéileáiltear le cásanna a bhaineann le coinbhleacht armtha agus, san am céanna, nuair a bhíonn an tsíocháin i réim (Airteagal 2.3), daingnithe ag na tíortha is iarrthóirí ar fad ach ceann. Ní mór do na tíortha sin de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir nár dhaingnigh an Coinbhinsiún fós tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh.
81. Is creataí ábhartha beartais iad Clár MSS agus GAP II araon darb aidhm deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe agus foréigin a fhulaingíonn mná agus cailíní. Mar fhreagairt ar choinbhleachtaí gan réiteach agus ar an tslándáil a bheith dulta in olcas i gcodanna áirithe de réigiún na Comharsanachta, tá roinnt gníomhaíochtaí á gcur chun feidhme. Is é is aidhm dóibh: (i) cur le líon na mban atá rannpháirteach i dtionscnaimh a bhaineann le cothú na síochána; (ii) cumas na bpáirtithe leasmhara áitiúla a neartú i bpróisis arb é is aidhm dóibh coinbhleacht a chosc ar an leibhéal áitiúil; agus (iii) saineolas inmheánach maidir leis an tslándáil a neartú chun cur chuige cuimsitheach a leagan síos maidir le hantoisceachas an fhoréigin a chosc.

⁵⁷ Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. Athbhreithniú ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa (JOIN (2015) 50 final), 18.11.2015.

⁵⁸ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: Teachtaireacht 2016 i dtaca le beartas an Aontais maidir le méadú (COM(2016) 715 final), 9.11.2016.

Ionstraimí beartais eachtraigh

82. Sainithnítear leis an Rialachán lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin⁵⁹ gur saincheist leathan an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus gur ceart iad a áireamh, i gcás inar féidir, i ngach gníomhaíocht, lena n-áirítear sa chlársceidealú. Le hAithris 9 den Rialachán, déantar tagairt shonrach do Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le MSS, ina leagtar béim ar a riachtanaí atá sé an foréigean in aghaidh na mban i gcásanna coinbhleachta a chomhrac agus rannpháirtíocht na mban i gcothú na síochána a chur chun cinn.
83. In Airteagal 3 den Rialachán⁶⁰, lena gcumhdaítear an fhreagairt ar chásanna géarchéime nó cásanna géarchéime atá ag teacht chun cinn chun coinbhleachtaí a chosc, tá forálacha sonracha chun tacú le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le MSS a chur chun feidhme. Leis na forálacha sin, tá sé beartaithe na nithe seo a leanas a bhaint amach: (i) a áirithiú go dtugtar aghaidh, ar bhealach leordhóthanach, ar na riachtanais shonracha a bhíonn ag mná i gcásanna géarchéime agus coinbhleachta; (ii) a áirithiú go gcuirtear san áireamh cás na mban, ar comhraiceoirí iad, i ngníomhaíochtaí a bhaineann le díshlógadh agus athimeascadh iarchomhraiceoirí agus a dteaghlaigh; agus (iii) cur le ról na mban i bhforbairt na sochaí sibhialta agus a rannpháirtíocht i bpróisis pholaitiúla agus i maoirseacht shibhialta an chórais slándála a mhéadú.

⁵⁹ Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin. (IO L 77, 15.3.2014, lch. 1).

⁶⁰ Rialachán (AE) Uimh. 230/2014

84. A bhuí leis an gclár dar teideal Fothú acmhainní chun tacú leis an tslándáil agus leis an bhforbairt⁶¹, ar cineál nua cúnaimh é faoi chuimsiú na hIonstraime lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin, is féidir leis an Aontas Eorpach tacú i mbealach níos éifeachtaí le tíortha comhpháirtíochta chun a n-acmhainní a fhorbairt d'fhonn go bhféadfaidh siad géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú as a stuaim féin. Mar thoradh ar an leasú ar an Rialachán lena mbunaítear an Ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin, déantar foráil maidir le cúnamh a chur ar fáil do ghníomhaithe míleata chun cúraimí a bhaineann le forbairt agus slándáil na forbartha sin a dhéanamh in imthosca eisceachtúla atá sainithe go soiléir: i gcás nach féidir le gníomhaithe neamh-mhíleata na cúraimí sin a dhéanamh, i gcás ina mbeidh feidhmiú na n-institiúidí stáit nó cosaint chearta an duine faoi bhagairt, agus i gcás ina mbeidh an tír chomhpháirtíochta lena mbaineann agus an tAontas den tuairim chéanna gur den riachtanas é gníomhaithe míleata a bheith ann chun na dálaí atá ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe a chaomhnú, a bhunú nó a athbhunú, lena n-áirítear i gcásanna géarchéime nó i gcomhthéacsanna agus cásanna leochaileacha agus díchobhsaithe. Sna gníomhaíochtaí sin a chumhdaítear faoi raon feidhme an chláir dar teideal Fothú acmhainní chun tacú leis an tslándáil agus leis an bhforbairt, cuirtear san áireamh na riachtanais shainiúla a bhíonn ag mná i gcásanna ar leith géarchéime agus coinbhleachta.

⁶¹ Teachtaireacht chomhphárteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Fothú acmhainní chun tacú leis an tslándáil agus leis an bhforbairt – Comhpháirtithe a chumasú chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú, (JOIN (2015) 17 final), 28.4.2015.

Iarscríbhinn II: Gluais

Sa ghluais seo, leagtar amach an chaoi a mbaintear úsáid as téarmaí áirithe a luaitear go minic sa doiciméad seo.

Cur chuige dériain

Ó 1996 i leith, tá gealltanas tugtha ag an gCoimisiún 'cur chuige dériain' a úsáid chun an comhionannas inscne a bhaint amach. Leis an gcur chuige sin, déantar gné na hinscne a phríomhshruthú i ngach beartas agus, san am céanna, cuirtear bearta sonracha chun feidhme chun deireadh a chur leis an neamhionannas inscne agus chun é a chosc nó a leigheas. Úsáidtear an dá chur chuige go comhuaineach agus níor cheart go dtiocfadh cur chuige amháin in áit an chur chuige eile⁶².

Gníomhaíochtaí sonracha

Bearta atá dírithe ar ghrúpa ar leith arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis an idirdhealú agus é a chosc nó na míbhuntáistí a bhíonn ann de thoradh dearchtaí, iompraíochtaí agus struchtúir atá ann cheana a chúiteamh. Gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh rochtain a thabhairt do chatagóirí ar leith daoine, mar atá mná sa chás áirithe seo, ar chearta a dhearbhaítear dóibh, an méid céanna a thugtar do chomhaltaí catagóirí eile, mar atá fir sa chás áirithe seo⁶³.

Inscne

Leis an bhfocal inscne, tagraítear do na saintréithe agus na deiseanna sóisialta a bhaineann le bheith i d'fhear nó i do bhean agus don chaidreamh idir mná agus fir agus idir cailíní agus buachaillí agus, ina theannta sin, don chaidreamh idir mná agus idir fir. Tá na saintréithe, na deiseanna agus an caidreamh sin bunaithe ar an tuiscint atá ag an tsochaí orthu, tuiscint a fhoghlaimítear de thoradh próisis sóisialaithe. Baineann siad le comhthéacsanna agus aoiseanna ar leith agus féadfaidh athrú teacht ar an tuiscint atá orthu le himeacht ama. Leis an inscne, leagtar síos na nithe a bhfuiltear ag súil leo ó bhean nó fear i gcomhthéacs ar leith, na nithe atá ceadaithe agus na nithe a bhfuil meas orthu.

⁶² <https://eige.europa.eu/gender-mainstreaming/what-is-gender-mainstreaming>.

⁶³ http://eige.europa.eu/gender-mainstreaming/concepts-and-definitions#Specific_actionmeasure

Ní comhchiallaigh iad na focail 'inscne' agus 'gnéas'. Is éard is brí le 'gnéas' na difríochtaí bitheolaíocha idir fir agus mná. Is difríochtaí uilíocha agus buana iad. Is ann do na difríochtaí sin, beag beann ar an áit ina bhfuiltear (tíortha difriúla) nó ar an aois (tréimhsí difriúla⁶⁴).

I ngach sochaí nach mór, bíonn difríochtaí agus neamhionannas idir mná agus fir agus na freagrachtaí a shanntar dóibh, na gníomhaíochtaí a ghabhann siad orthu féin, an rochtain agus an smacht a bhíonn acu ar acmhainní agus, chomh maith leis sin, ar dheiseanna cinnteoireachta. Is cuid den chomhthéacs soch-chultúrtha, sa chiall is leithne, í an inscne. Ar na critéir thábhachtacha eile a úsáidtear san anailís shoch-chultúrtha, áirítear an aicme, an cine, leibhéal na bochtaineachta, an grúpa eitneach, an reiligiún agus aois an duine. Is minic a thagann athrú ar an ról a bhíonn ag na hinseníní agus ar an gcaidreamh eatarthu le linn coinbhleacht armtha nó dá héis. Is den tábhacht a lua nach le mná amháin a bhaineann ceist na hinscne, ach leis na difríochtaí a chruthaíonn an tsochaí idir mná agus fir ó thaobh dálaí de, agus a fhágann go bhféadfaidh difríochtaí a bheith ann sa rochtain a bhíonn acu ar an gcumhacht, ar an tsláinte agus ar an eolas srl. Ar an gcaoi sin, tá baint ag gné na hinscne le ról na bhfear freisin.

Comhionannas Inscne

Is éard atá i gceist leis an gcomhionannas inscne cearta comhionanna, chomh maith le comhionannas freagrachtaí agus deiseanna, a bheith ag mná agus fir, cailíní agus buachaillí. Ní hé a chiallaíonn an comhionannas gur mar a chéile a bheidh mná agus fir feasta; ní hé, ach nach mbeidh na cearta, na freagrachtaí agus na deiseanna a bheidh ag mná agus fir ag brath ar cé acu fireann nó baineann a saolaíodh iad. A bhuí leis an gcomhionannas inscne, tuigtear go gcuirtear leasanna, riachtanais, agus tosaíochtaí ban agus fear araon san áireamh agus go n-aithnítear a éagsúlacht a bhíonn grúpaí difriúla ban agus fear. Ní saincheist é an comhionannas inscne a bhaineann le mná amháin; ba cheart an comhionannas inscne a bheith bainteach le fir agus mná araon agus ba cheart d'fhir a bheith chomh rannpháirteach céanna leis na mná i mbaint amach an chomhionannais inscne. Meastar gur saincheist a bhaineann le cearta an duine an comhionannas idir mná agus fir agus, ina theannta sin, gur réamhchoinníoll é don fhorbairt inbhuanaithe atá dírithe ar dhaoine agus gur táscaire é ar an bhforbairt sin⁶⁵.

⁶⁴ <http://eige.europa.eu/gender-mainstreaming/concepts-and-definitions>

⁶⁵ <http://eige.europa.eu/gender-mainstreaming/concepts-and-definitions>

Príomhshruthú inscne

Is éard atá i gceist le príomhshruthú inscne próisis bheartais a eagrú nó a atheagrú, a fheabhsú, a fhorbairt agus a mheas chun deimhin a dhéanamh de go gcuirfidh na gníomhaithe a bhíonn rannpháirteach go hiondúil i gceapadh beartais⁶⁶ gné an chomhionannais inscne san áireamh sna beartais uile ar gach leibhéal agus ag gach céim. Is próiseas é príomhshruthú na gné inscne chun na himpleachtaí a bheidh ag aon ghníomhaíocht atá beartaithe ar mhná agus fir a mheas, lena n-áirítear reachtaíocht, beartais nó cláir i ngach réimse agus ar gach leibhéal. Bealach atá ann chun a áirithiú gur gné lárnach de bheartais agus cláir a cheapadh, a chur chun feidhme agus, ina theannta sin, faireachán agus measúnú a dhéanamh orthu, i ngach réimse polaitiúil, eacnamaíoch agus sochaíoch, is ea na nithe is ábhar imní do mhná agus d'fhir agus an taithí atá acu chun go rachaidh na beartais agus na cláir sin chun sochair do mhná agus d'fhir araon agus nach ndéanfar an neamhionannas a bhuanú. Is é gnóthú an chomhionannais inscne an cuspóir deiridh⁶⁷.

Ba cheart gníomhaíochtaí seachtracha uile an Aontais in áiteanna a bhfuil coinbhleacht ar siúl agus áiteanna leochaileacha a bhunú ar anailís mhionsonraithe ar choinbhleacht, a mbeidh inscne-anailís chríochnúil mar bhonn agus mar thaca aici, chun caidreamh sóisialta agus noirm shóisialta a athrú ó bhonn.

Leis na beartais sin darb aidhm coinbhleachtaí a chosc, agus le beartais eile a chuirtear chun feidhme in áiteanna a bhfuil coinbhleacht ar siúl nó in áiteanna i mbaol, ní mór cuspóirí sonracha maidir le comhionannas inscne a fhorbairt lena gcuirfear ar fáil bunús fóna do chur chuige ina gcuimseofar saincheist na hinscne agus faireachán an dul chun cinn. Is cuid thábhachtach den phríomhshruthú inscne a áirithiú go bhfuil na cuspóirí ginearálta uile inscnefhreagrúil (mar shampla, leagtar síos critéir thrédhearcacha inscnefhreagrúla maidir le poist chinnteoireachta), ionas go bhféadfaí gné na hinscne a chomhtháthú i bpróiseas ginearálta.

⁶⁶ <https://www.coe.int/en/web/genderequality/what-is-gender-mainstreaming>

⁶⁷ <http://eige.europa.eu/gender-mainstreaming/concepts-and-definitions>

Anailís inscne

Is éard atá san anailís inscne imscrúdú criticiúil ar an gcaoi a ndéanann difríochtaí ó thaobh ról inscne, gníomhaíochtaí, riachtanas, deiseanna, agus ceart/teidlíochtaí difear d'fhir, mná, cailíní agus buachaillí i gcásanna nó comhthéacsanna ar leith. Leis an anailís inscne, déantar imscrúdú ar an gcaidreamh idir mná agus fir, agus an rochtain agus an smacht a bhíonn acu ar acmhainní chomh maith leis na srianta ar gá dóibh dul i ngleic leo i gcoibhneas le chéile. Ba cheart anailís inscne a bheith mar chuid de gach measúnú ar earnáil nó anailís ar shuíomh chun a áirithiú nach chun donais a rachaidh na héagóracha agus an neamhionannas inscnebhunaithe mar thoradh ar an ngníomhaíocht a dhéanfar agus go gcuirfear chun cinn, i gcás inar féidir, comhionannas agus ceartas breise sa chaidreamh inscne.

Chun a áirithiú nach ndéanfar díobháil de thoradh ghníomhaíocht an Aontais Eorpaigh, ní mór na gníomhaíochtaí uile sin, in áiteanna a bhfuil coinbhleacht ar siúl agus áiteanna leochaileacha, a bheith bunaithe ar anailís ar choinbhleacht a mbeidh anailís chríochnúil ó thaobh inscne de mar bhonn agus mar thaca aici, is é sin go gcuirtear san áireamh leis an ngníomhaíocht ní hamháin go bhféadfadh a gcás difriúil féin a bheith ag gach bean agus fear ach an caidreamh cumhachta idir codanna den daonra in institiúidí uile na sochaí, idir institiúidí foirmiúla agus institiúidí neamhfoirmiúla.

Leis an anailís inscne, léireofar patrúin maidir le cuimsiú agus eisiamh, bunaithe ar inscne agus réimse eile imthosca amhail an aicme shocheacnamaíoch, eitneacht agus reiligiún, aois, cumas nó míchumas, tionscnamh geografach, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó tuismitheoireachta, leibhéal oideachais agus araile. Ar an ábhar sin, gné thábhachtach d'anailísí fóna ar dhálaí agus ar choinbhleacht is ea an anailís inscne.

Foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe

Scáth-théarma is ea foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe chun cur síos a dhéanamh ar aon ghníomh díobhálach a dhéantar ar dhuine i gcoinne a thola, ar foréigean é atá bunaithe ar dhifríochtaí (inscne) a shanntar go sóisialta d'fhir agus do mhná. Sáraíonn gníomhartha gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe líon áirithe de chearta uilíocha an duine, cearta atá faoi chosaint ag ionstraimí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta. Cé go bhfuil cuid mhór cineálacha foréigin ghnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe neamhdhleathach agus cé gur gníomhartha coiriúla iad i ndlíthe agus beartais náisiúnta, ní hamhlaidh atá maidir le gach cineál foréigin ghnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe. Ar fud na cruinne, is mó bean agus cailín a ndéantar dochar dóibh de dheasca foréigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe ná fear agus buachaill. Is den tábhacht a thabhairt ar aire, áfach, gur féidir le fir agus buachaillí a bheith ina n-íospartaigh ag an bhforéigean inscnebhunaithe freisin, lena n-airítear an foréigean gnéasach.

Níl aon sainmhíniú ar an bhforéigean gnéasach a bhfuil gach duine ar aon intinn faoi. Leis na sainmhínithe atá in úsáid go coitianta, áirítear aon ghníomh de chineál gnéasach nó iarracht ar ghníomh gnéasach a dhéanamh le comhéigean.

Is sárú ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta an t-éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh nuair a dhéantar iad i gcomhthéacs coinbhleacht armtha idirnáisiúnta nó neamh-idirnáisiúnta. Ní mór do na páirtithe uile i gcoinbhleacht armtha an toirmeasc ar an bhforéigean gnéasach a urramú.

Tá sé de dhualgas ar gach stát na déantóirí coire a ionchúiseamh. Faoi dhlí conartha (Ceathrú Coinbhinsiún na Ginéive, mar aon le Prótacal Breise I agus Prótacal Breise II) agus faoin dlí coiteann, déantar an t-éigniú agus cineálacha eile foréigin ghnéasaigh a thoirmeasc i gcoinbhleacht armtha idirnáisiúnta agus neamh-idirnáisiúnta araon⁶⁸.

⁶⁸ <https://www.icrc.org/en/document/sexual-violence-armed-conflict-questions-and-answers>
<https://www.icrc.org/eng/resources/documents/statement/2013/united-nations-women-statement-2013-10-16.htm>

Téarmaí iad 'foréigean inscnebhunaithe' agus 'foréigean in aghaidh ban' a úsáidtear go hidirmhalartach go minic óir is fir, den chuid is mó, a dhéanann foréigean inscnebhunaithe ar mhná agus cailíní. Mar sin féin, tá sé tábhachtach an ghné 'inscnebhunaithe' sin den choincheap a bheith ann fós toisc go gcuireann sé sin i bhfios gurb éard atá san fhoréigean in aghaidh ban léiriú ar an neamhionannas idir mná agus fir ó thaobh cumhachta de⁶⁹.

Is ann d'fhoréigean gnéasach nuair a dhéanann déantóir na coire gníomh de chineál gnéasach in aghaidh duine amháin nó níos mó ná duine amháin, nó nuair a chuireann sé iallach ar an duine sin nó ar na daoine sin páirt a ghlacadh i ngníomh de chineál gnéasach le forneart, nó le forneart nó comhéigean a bhagairt, nó de bharr eagla a bheith ar dhuine roimh fhoréigean, duine a bheith faoi éigeantas nó faoi choinneáil, de bharr ansmacht síceolaíoch nó mí-úsáid cumhachta in aghaidh an duine sin nó na ndaoine sin nó duine eile, nó trí leas a bhaint as timpeallacht chomhéigineach nó neamhábaltacht duine nó daoine toiliú go feasach leis an ngníomh⁷⁰.

Teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach

Ciallaíonn teacht i dtír gnéasach mí-úsáid a bhaint as staid leochaileach duine, nó difreálach cumhachta nó muiníne a úsáid chun críocha gnéasacha, nó iarracht sin a dhéanamh, chun tairbhe airgeadais, shóisialta nó pholaitiúil a bhaint as teacht i dtír gnéasach ar dhuine eile, ach gan a bheith teoranta do na tairbhí sin amháin. Ciallaíonn mí-úsáid ghnéasach ionradh de chineál gnéasach a dhéanamh nó a bhagairt, trí bhíthin na láimhe láidre nó faoi dhálaí míchothroma nó comhéigineacha⁷¹.

Déanfaidh an tAontas Eorpach deimhin de nach nglacfar beag ná mór le teacht i dtír gnéasach ná mí-úsáid ghnéasach. Déanfar sin a bhuí le sásraí cuntasachta atá leagtha síos don phearsanra uile, bídís fostaithe ag an Aontais, ar misean nó ina mbaill foirne tacaíochta, lena n-áirítear baill foirne ar iasacht nó ar conradh. Leis na sásraí sin, déileálfar go tapa éifeachtach cothrom le haon líomhain faoi theacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach.

Tagann sásraí chun déileáil le sárúithe ar chóid iompair agus caighdeáin iompraíochta faoi inniúlacht an lucht ceannais agus na n-acmhainní daonna, agus ní faoi inniúlacht na gcomhairleoirí maidir le cearta an duine agus saincheistean na inscne.

⁶⁹ <http://eige.europa.eu/gender-based-violence/what-is-gender-based-violence>

⁷⁰ Gnéithe de Chuireanna na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

⁷¹ I gcomhréir le caighdeáin na Náisiún Aontaithe (ST/SGB/2003/13) agus leis an sainmhíniú a úsáidtear sna caighdeáin chineálacha uasghrádaithe iompraíochta ó mhí an Mhárta 2018 (6877/18).

Faireachán

Próiseas leanúnach lena ndéantar faisnéis a rianú de réir paraiméadair shonracha agus lena n-áirithítear go mbainfear amach na cuspóirí.

Athbhreithniú

Measúnú tráthrialta ar an dóigh a bhfeidhmíonn idirghabháil, ag díriú go háirithe ar na gnéithe oibríochtúla.

Meastóireacht

Úsáid a bhaint as fianaise ar bhonn córasach chun a mheas, de thoradh na mbeartas, cé chomh maith agus atá na cuspóirí á mbaint amach agus, go háirithe, cén fáth a bhfuil, nó cén fáth nach bhfuil, na beartais sin éifeachtach.

Iarscríbhinn III: Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus na rúin a lean iad ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil

Is é Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a glacadh ar an 31 Deireadh Fómhair 2000, an chéad rún ón gComhairle Slándála lena dtugtar aghaidh ar an tionchar uathúil díréireach a imríonn coinbhleacht armtha ar mhná. Le Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, neartaítear na gealltanais agus na coinbhinsiúin dhlíthiúla maidir le mná, síocháin agus slándáil a bhí ann roimhe sin ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta agus cuirtear ar bun leis sraith prionsabal nua. Leis an rún, leagtar béim ar a riachtanaí atá sé go nglacadh mná páirt ghníomhach, go fónta cothrom, i gcosc agus i réiteach coinbhleachta, sa chaibidlíocht ar son na síochána, i ngníomhaíochtaí cothaithe agus coimeádta síochána, sa fhreagairt dhaonnúil, agus san atógáil iarchoinbhleachta. Iarrtar sa rún sin ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh mná rannpháirteach, ar bhonn cothrom, sna hiarrachtaí uile chun an tsíocháin agus an tslándáil a choimeád agus a chur chun cinn agus go mbeidh ról gníomhach acu sna hiarrachtaí sin. Ina theannta sin, tathantaítear ar gach gníomhaí cur le rannpháirtíocht na mban in iarrachtaí uile na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn agus gné na hinscne a bheith mar chuid de na hiarrachtaí sin, lena n-áirítear dí-armáil, díshlógadh agus athimeascadh agus athchóiriú na hearnála slándála.

Ar an 19 Meitheamh 2008, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 1820 maidir leis an bhforéigean gnéasach i gcoinbhleacht lena léirítear go soiléir go bhfuil nasc idir úsáid an fhoréigin ghnéasaigh mar oirbheart cogaidh agus caomhnú na síochána agus na slándála idirnáisiúnta. Le Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, neartaítear Rún 1325 sa mhéid go n-aithnítear gur minic a bhíonn an foréigean gnéasach forleathan agus sistéamach agus go bhféadfann sé bac a chur ar athbhunú na síochána agus na slándála ar an leibhéal idirnáisiúnta. Tá sainordú soiléir ag an gComhairle Slándála anois chun aghaidh a thabhairt ar an bhforéigean gnéasbhunaithe agus inscnebhunaithe, trí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm nó oiliúint a chur ar fáil chun go bhféadfaidh an fhoireann allamuigh na saincheisteanna lena mbaineann a chosc agus freagairt orthu. Leis an rún, cuirtear in iúl gur coir cogaidh iad na gníomhartha foréigin ghnéasaigh a dhéanann daoine armtha in aghaidh sibhialtach agus éilítear ar pháirtithe i gcoinbhleacht armtha bearta iomchuí a dhéanamh láithreach chun sibhialtaigh a chosaint ar an bhforéigean gnéasach, lena n-áirítear oiliúint a chur ar thrúpaí agus bearta araíonachta a fhorfheidhmiú.

Lé Rún 1888 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a glacadh an 30 Meán Fómhair 2009, dearbhaítear an athuair gur measa í an choinbhleacht armtha de dheasca foréigean gnéasach agus go gcuirtear, dá bharr sin, an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta i mbaol. Leis an rún, iarrtar freisin ar lucht ceannais aghaidh a thabhairt ar an bhforéigean gnéasach le linn coinbhleachta agus foirne saineolaithe a chur ar fáil i gcás ina ndéanfar gníomhartha foréigin ghnéasaigh le linn coinbhleachta. Le Rún 1889 seo a leanas ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a glacadh an 5 Deireadh Fómhair 2009, díritear ar chothú na síochána i gcomhthéacs iarchoinbhleachta agus mná a bheith rannpháirteach i ngach céim de na próisis síochána agus éilítear go ndéanfar táscairí a fhorbairt chun cur chun feidhme Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a mheas.

Ar an 16 Nollaig 2010, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 1960 lena ndearbhaítear an athuair gur ceart deireadh a chur leis an bhforéigean gnéasach le linn coinbhleachta agus lena mbunaítear, san am céanna, sásra liostaithe. A bhuí leis an rún, tugtar le fios go neamhbhalbh go mbeidh impleachtaí ag baint le gníomhartha foréigin ghnéasaigh; ar na himpleachtaí sin, áirítear na nithe seo a leanas: liostú i dtuarascálacha bliantúla Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, tarchur chuig coistí smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe agus chuig an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, cáineadh idirnáisiúnta agus íocaíochtaí cúitimh.

Glacadh Rún 2106 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe an 24 Meitheamh 2013 agus is é is aidhm dó na hoibleagáidí atá ann faoi láthair faoi Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun gnímh agus cur leis na struchtúir agus na tionscnaimh atá ann cheana seachas cinn nua a chruthú. Leis an rún, díritear freisin ar rannpháirtíocht na mban sa chomhrac i gcoinne an fhoréigin ghnéasaigh agus tacaítear le leigheasanna dlí a chur ar fáil.

Ar an 18 Deireadh Fómhair 2013, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2122 lena leagtar amach modhanna coincréiteacha chun easpa rannpháirtíochta na mban a chomhrac agus lena n-aithnítear gur gá aghaidh a thabhairt ar na nithe sin is bunchúis le comhrac armtha agus ar na rioscaí slándála ar gá do mhná dul i ngleic leo, agus ina ndearbhaítear go soiléir gur gá 'cur chuige comhtháthaithe' chun síocháin inbhuanaithe a bhaint amach. Ina theannta sin, nasctar sa rún sin an dí-armáil leis an gcomhionannas inscne trí thagairt a dhéanamh don Chonradh Trádála Arm.

Le Rún 2242 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, a glacadh an 13 Deireadh Fómhair 2015, moltar go ndéanfar straitéisí agus acmhainní a mheas maidir le Clár MSS a chur chun feidhme agus éilítear go gcuirfí breis cistí ar fáil ar mhaithe le hoiliúint, anailís agus cláir inscnefhreagrúla. Leis an rún, leagtar béim, san am céanna, ar a thábhachtaí atá sé a bheith ag obair i gcomhar leis an tsochaí shibhialta agus áitítear nach mór féachaint ar an inscne mar shaincheist leathan sa chlár comhraic i gcoinne antoisceachas an fhoréigin agus sa chlár frithsceimhlitheoireachta.

Ina theannta sin, leathnaíodh Clár MSS a thuilleadh dá éis sin a bhuí le dhá rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mar atá Rún 2272 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le teacht i dtír gnéasach agus mí-úsáid ghnéasach agus Rún 2331 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le gáinneáil ar dhaoine i gcásanna coinbhleachta.

Iarscríbhinn IV: Fardal neamhchuimsitheach an bheartais maidir le MSS

- Cur chuige cuimsitheach maidir le Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil a chur chun feidhme san Aontas Eorpach, Comhairle an Aontais Eorpaigh (2008 – 15671/1/08)
- Táscairí don chur chuige cuimsitheach maidir le Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil a chur chun feidhme san Aontas Eorpach (2010 – 11948/10)
- Tuarascáil ar tháscairí AE don chur chuige cuimsitheach maidir le Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil a chur chun feidhme san Aontas Eorpach (2011 – 9990/11)
- Cur chun feidhme na rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil i gcomhthéacs mhisin agus oibríochtaí CBSC (2012 – 7109/12)
- Creat Straitéiseach agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas (2012 – 11855/12)
- An dara tuarascáil ar tháscairí AE don chur chuige cuimsitheach maidir le Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil a chur chun feidhme san Aontas Eorpach (2014 – 6219/14)
- "Páipéar leathoifigiúil maidir le deireadh a chur le foréigean gnéasach i gcásanna coinbhleachta – Treoir maidir le gníomhaíochtaí praiticiúla ar leibhéal an Aontais" (2014 - PSC MD 155/14)
- Tuarascáil ar an dul chun cinn i dtaca leis an bpáipéar dar teideal an "Páipéar leathoifigiúil maidir le deireadh a chur le foréigean gnéasach i gcásanna coinbhleachta – Treoir maidir le gníomhaíochtaí praiticiúla ar leibhéal an Aontais" (2015)
- Ionchur ón Aontas Eorpach i dtaca leis an Staidéar domhanda maidir le mná, síocháin agus slándáil (2015 – 7595/15)
- Plean Gníomhaíochta 2016-2020 maidir le hinscne i gcaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh (2015 – 13201/15) agus an Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach ón gCoimisiún atá bainteach (2015 – SWD (2015) 182 final)
- Rannpháirtíocht straitéiseach an Choimisiúin don chomhionannas inscne 2016-2019 (2015 - SWD (2015) 278 final)
- Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas 2015-2019 (2015 – 10897/15)
- Comóradh 15 bliana Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil agus athbhreithniú domhanda ar an rún sin – Gealltanais ón Aontas agus ó na Ballstáit (2015 – 12904/15)

- An straitéis dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh (2016)
- Conclúidí ón gComhairle i ndáil leis an straitéis dhomhanda maidir le beartas eachtrach agus slándála an Aontais Eorpaigh (2016 – 13202/16)
- Plean chun straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir le slándáil agus cosaint a chur chun feidhme (2016 – 14392/16)
- Conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i réimse na slándála agus na cosanta (2016 – 14149/16)
- Tuarascáil ar an Staidéar bonnlíne maidir le cearta an duine agus comhionannas inscne a chomhtháthú i gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC) an Aontais Eorpaigh (2016 - 15726/16)
- An cód iompair agus smachta do mhisin shibhialtacha CBSC de chuid an Aontais Eorpaigh (2016 – 12076/16)
- Caighdeáin chineálacha uasghrádaithe iompraíochta do mhisin agus oibríochtaí CBSC (2018 – 6877/18)
- Táscairí athbhreithnithe don chur chuige cuimsitheach maidir le Rún 1325 agus Rún 1820 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil a chur chun feidhme san Aontas Eorpach (2016 – 10805/16)
- An dara tuarascáil ar an dul chun cinn i dtaca leis an bpáipéar dar teideal an "Páipéar leathoifigiúil maidir le deireadh a chur le foréigean gnéasach i gcásanna coinbhleachta - Treoir maidir le gníomhaíochtaí praiticiúla ar leibhéal an Aontais" (2016 - PSC MD 17/16)
- An tríú tuarascáil ar an dul chun cinn i dtaca leis an bpáipéar dar teideal an "Páipéar leathoifigiúil maidir le deireadh a chur le foréigean gnéasach i gcásanna coinbhleachta – Treoir maidir le gníomhaíochtaí praiticiúla ar leibhéal an Aontais" (2016 - 14329/16)
- 2017/PÁIPÉAR LEATH-OIFIGIÚIL PHRÍOMHCHOMHAIRLEOIR SEGS MAIDIR LE hINSCNE, TREOCHLÁR & PLEAN OIBRE neamhfhoirmiúil maidir le hinscne/comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus cur chun feidhme Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil (2017 - WK 665/2017 INIT)
- An Comhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt (2017 – 9459/17) Teachtaireacht Chomhpháirteach – Cur chuige straitéiseach don athléimneacht i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh (2017 – JOINT (2017) 21 final.